



Tuarascáil Bhliantúil 2022

Bríomhar | Éagsúil | Nuálach



lwetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
an Longfoirt agus na hIarmhí
Longford and Westmeath
Education and Training Board



Clár na nÁbhar

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	3
Aitheasc an Chathaoirligh	4
Feidhmeanna Bhord BOOLI	5
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird Comhaltaí	5
Bord BOOLI Eanáir - Nollaig 2022	6 - 7
Príomhstaitisticí BOOLI	10 - 11
Tuarascáil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2022	12
Láthair Seirbhísí BOOLI	13
Miondealú Foirne BOOLI	14
Cairt Eagraíocht BOOLI	15
Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna	
Straitéiseacha BOOLI	16 - 18
Tuarascáil 2022 - Breisoideachas agus Oiliúint (FET)	19 - 27
Tuarascáil 2022 - Scoileanna, Aonad Oibre Óige & Music Generation	28 - 41
Tuarascáil 2022 – Tacaíocht & Forbairt Eagraíochta	42 - 50
Comhaontú Seachadadh 2022	51 - 53
Aguisín 1	54
Aguisín 2	55

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) 2022 a chur i láthair. Tugann an tuarascáil seo achoimre ar sheirbhísí BOOLI, tosaíochtaí straitéiseacha, pleananna gníomhaíochta agus spriocanna a baineadh amach ar fud na seirbhísí go léir mar atá leagtha amach i bPlean Seirbhíse BOOLI 2022. Tá an misean, na luachanna agus na tosaíochtaí straitéiseacha mar a shainmhínítear i Ráiteas Straitéise BOOLI 2022-2026 mar bhonn agus mar thaca ag gach Plean Seirbhíse BOOLI agus cuireann sé bonn eolais faoi threo, fócas agus tosaíochtaí na heagraíochta.

In ainneoin dúshláin dhomhanda leanúnacha agus faoi cheannaireacht iontach Stiúrthóirí BOOLI, lean ár bhfoireann ag feidhmiú ar bhealaí dinimiciúla, éagsúla agus nuálacha.

Lean scoileanna, seirbhísí oideachais agus oiliúna, obair óige, agus cláir oideachais ceoil BOOLI ag soláthar clár ar ardchaighdeán i gcontaetha Longfoirt agus na hIarmhí, agus foireann thiomnaith d'fhoireann choimhdeach agus chléireachais ag tacú leo go léir.

Bhí rath ar fad ar mheánscoileanna BOOLI in 2022. Lean an fás ar líon na scoláirí, ar an soláthar méadaithe Riachtanais Oideachais Speisialta, ar an tús a cuireadh le tionscadail shuntasacha tógála agus forbairt leanúnach foirne ag dul chun cinn i rith 2022. Agus an bhliain ag druidim chun deiridh, bhí lúcháir ar BOOLI a fhógairt gur aistríodh Scoil Náisiúnta Chorr na Madadh, Baile Átha Luain, ó phátrúnacht Chaitliceach go múnla na Pobalscoile Náisiúnta (CNS) faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) agus tá sé mar chomhartha air ag dul isteach i soláthar bunscoile. Is é seo an chéad Phobalscoil Náisiúnta i gcontaetha an Longfoirt agus na hIarmhí le bunú na scoile ag soláthar rogha ilchreidmheach den chéad uair do thuismitheoirí agus do scoláirí i mBaile Átha Luain.

Leanann soláthar Breisoideachais agus Breisoiliúna (BOBO) BOOLI ag cur deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil ar fáil d'fhoghlaimoirí a chuireann ar a gcumas barr a gcumais a bhaint amach. I rith 2022, thug BOOLI faoina chéad Athbhreithniú Tionscnaimh Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. Tugadh moladh do sheirbhísí BOBO sa tuairisc ina dhiaidh sin ar a chur chuige foghlaimoiriárnach, as tiomantas fhoireann BOOLI agus an infheistíocht leathan i bhforbairt ghairmiúil leanúnach don fhoireann. Áirítear ar na príomhphointí in 2022 freisin faomhadh le haghaidh oibreacha tógála do Champas Bhaile Átha Luain atá mar réiteach an bhealaigh maidir le Coláiste Breisoideachais agus Breisoiliúna na Todhchaí a bhunú i mBaile Átha Luain. Lean seirbhísí óige orthu de bheith i gceannas ar chomhordú an tsoláthair seirbhíse óige sa Longfort agus san Iarmhí, agus chuir cláir Music Generation gné spreagúil ar fáil do chách le taitneamh a bhaint aisti.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann iontach cumasach uile BOOLI as a gcuid oibre, a ndúthracht agus a dtiomantas i seachadadh clár oideachais agus oiliúna d'ardchaighdeán. Is mian liom aitheantas ar leith a thabhairt dóibh siúd i ról cheannaireachta ar fud na heagraíochta as a mbuanseasmhacht maidir lena chinntiú go leanfar le seirbhísí. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le baill Bhord BOOLI, Boird Bhainistíochta Scoile, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, leis an Coiste Airgeadais, Tascfhoirne agus grúpaí oibre éagsúla as a n-ionchur luachmhar agus a dtacaíocht daingean do na scoláirí agus d'fhoghlaimoirí sa Longfort agus san Iarmhí.

Liz Lavery, Príomhfheidhmeannach BOOLI



Aitheasc Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí



Is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil Bord Oideachas agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) 2022 a chur i láthair. Cuireann an tuarascáil seo léargas ar fáil ar na gníomhaíochtaí a thugann scoileanna, ionaid agus seirbhísí BOOLI fúthu i rith na bliana.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis na páirtithe leasmhara go léir as a dtiomantas do BOOLI. Tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar dhúthracht ár bhfoirne, a chinntíonn go soláthraítear ár seirbhísí ar an gcaighdeán is airde, rud a chothaíonn rath leanúnach dár bhfoghlaimoírí agus ár scoláirí ar fud na heagraíochta.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do chomhaltaí Bhord BOOLI a leanann orthu ag tabhairt a gcuid ama agus saíneolais go flaitiúil.

A handwritten signature in blue ink, reading "Aoife Davitt".

Clr. Aoife Davitt Cathaoirleach,
Bord BOOLI

Ráiteas Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí faoin Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as stiúradh agus rialú ceart a fheidhmeanna i gceantair údaráis áitiúil an Longfoirt agus na hIarmhí.

Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0002/2019. Is é cuspóir an chóid ná a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bhainistíochta i bhfeidhm.

Feidhmeanna an Bhoird BOOLI

Is feidhmeanna forchoimeáda iad cinntí a ghlacann an Bord agus leagtar amach iad in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCiorclán 0002/2019 Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna, le sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Éilíonn Alt 51 den Acht sin ar BOOLI gach cuntas ceart agus gach gnáthchuntas maidir le hairgeadas a fhaigheann sé nó a chaitheann sé i bhfoirm agus le haghaidh tréimhsí cuntasaiochta a d'fhéadfadh an tAire Oideachais a fhaomhadh le toil an Aire Airgeadais agus an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Bord freagrach as leabhair cuntais chearta a choinneáil a nochtann riocht airgeadais an Bhoird, le cruinneas réasúnta ag aon am, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i dtaobh calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aithint. Measann an Bord go gcuireann na Ráitis Airgeadais Bliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus riocht ghnóthaí an Bhoird i láthair i gceart.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar an mBord:

- (a) Na beartais cuntasaiochta chaighdeánacha i dtaca le hullmhú ráitis airgeadais de chuid BOOLI a chur i bhfeidhm
- (b) Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- (c) Aon seachrán ábhartha ó na beartais cuntasaiochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

I rith 2022 cheadaigh an Bord na doiciméid seo a leanas.

- An Tuarascáil Bhliantúil a ghlacadh
- Ráitis Airgeadais
- An Plean Seirbhíse a ghlacadh
- Freastal údaráithe comhaltaí ag comhdhálacha
- Fáil, sealbhú agus diúscairt talún nó leasa ceadaithe de réir rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Cinntíodh gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí



Comhaltaí Boird BOOLI Eanáir - Nollaig 2022

Ainm	Comhlacht Ainmniúcháin
An Comhairleoir Aoife Davitt (Cathaoirleach)	Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
An Comhairleoir Gerry Hagan (Leas - Cathaoirleach)	Arna toghadh ag Comh. Co. an Longfoirt
An Comhairleoir Frankie Keena	Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
An Comhairleoir Pat O'Toole	Arna toghadh ag Comh. Co. an Longfoirt
An tUasal Luke Casserly	Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
An tUasal Donie Cassidy	Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
An Comhairleoir John Dolan	Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
An Comhairleoir Michael Dollard	Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
Josephine Donohue, Uasal	Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
Niamh Ginnell, Uasal	Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
An Comhairleoir Ken Glynn	Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
An tUasal Colm Harte	Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
An Comhairleoir Louise Heavin	Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
An Comhairleoir Denis Leonard	Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
Kathleen McGahern, Uasal	Ionadaí Tuismitheorí
An tUasal Mark Murphy	Ionadaí Tuismitheorí
An Comhairleoir Garry Murtagh	Arna toghadh ag Comh. Co. an Longfoirt
An Comhairleoir Peggy Nolan	Arna toghadh ag Comh. Co. an Longfoirt
Mary O'Brien, Uasal	Ionadaí Foirne
An Comhairleoir Emily Wallace	Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
An tUasal Colin Whyte	Ionadaí Foirne

Dataí do Chruinnithe Boird BOOLI 2022

Luaitear tinreamh Chomhaltaí an Choiste in Aguisín 1

17 th Eanáir, 2022	20 th Meitheamh, 2022
21 st Feabhra, 2022	26 th Meán Fómhair, 2022
21 st Marta, 2022	21 st Samhain, 2022



Comhaltas an Choiste Airgeadais agus Dátaí Cruinnithe

Comhaltaí an Choiste Airgeadais
An Comhairleoir Michael Dollard (Cathaoirleach)
An Comhairleoir John Dolan
An tUasal John Duffy
An tUasal Hugh Farrell
Ann Nugent, Uasal
An Comhairleoir Pat O'Toole

Dátaí Cruinnithe 2022
Luaitear tinreamh Chomhaltaí an Choiste in Aguisín 2
10 th Feabhra, 2022
16 th Márta, 2022
9 th Meitheamh, 2022
8 th Meán Fomhair, 2022
13 th Deireadh Fómhair, 2022

Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus Dátaí Cruinnithe

Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
An tUasal Gerard Quirke (Cathaoirleach)
An tUasal John Duffy
An Comhairleoir Gerry Hagan
Kathleen McGahern, Uasal
An tUasal Pat O'Rourke
An tUasal Donie Cassidy

Dátaí Cruinnithe 2022
Luaitear tinreamh Chomhaltaí an Choiste in Aguisín 2
7 th Eanáir, 2022
28 th Eanáir, 2022
4 th Márta, 2022
10 th Meitheamh, 2022
23 rd Meán Fomhair, 2022



Ráitis Airgeadais 2022

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) tráth fhoilsithe na Tuarascála Bliantúla 2022. Foilseoidh BOOLI na ráitis airgeadais iniúchta a luaithe is indéanta tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad a shíniú.

Tá sonraí airgeadais maidir leo seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Déantar anailís de réir catagóire na dtáillí ar tháillí nach táillí tuarastail iad a íoctar i leith Comhaltaí an Bhoird
- Sonraí comhiomlána an chúitimh ar phríomhbhainistíocht, arna n-anailísiú de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh
 - Tuarastail agus leasa gearrthéarmacha
 - fostaithe Sochair iarfhostaíochta
 - Sochair foirceanta
- Príomhchúiteamh bainistíochta, más ann dó
- Sonraí faoi líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaí iomlána (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá €10,000 agus € 60,000 níos airde agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra.



Bainistíocht Riosca

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistiú riosca agus deimhníonn an Bord go bhfuil measúnú déanta ar na príomhrioscaí, ar na bearta maolaithe a bhaineann leis na rioscaí sin agus go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart seo in 2022. Déanann an Bord bainistíocht ar riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Tugann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca cúnamh don Bhord ina fheidhm bainistíochta riosca. Braitheann an Bord ar an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí (IAU) freisin agus ar a thuarascálacha agus ar iniúchadh bliantúil C&AG agus ar aon Iniúchadh seachtrach eile amhail iniúchadh ESF agus/nó Iniúchadh ar Ioncam. Chomh maith leis sin, déantar athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Pléitear Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú den Bhord agus cuimsítear na nithe seo a leanas sa phlé sin:

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach, an Príomhoifigeach Riosca (CRO) san áireamh
- Tuarascálacha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- An Clár Iniúchta

Cuireadh sonraí faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí maolaithe a ghabhann leo san áireamh sa SIC mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta. Foilseofar laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirigh.

An Córas um Rialú

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Deimhníonn an Bord go bhfuil an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach críochnaithe, san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bliantúla (AFS) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirigh a chuirfear faoi bhráid an Aire. Deimhníonn an Bord go bhfoilseofar na Ráitis Airgeadais Bliantúla (AFS) laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Beartas agus Gnásanna Soláthair

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus dearbhaíonn sí go gcloítear leis an mbeartas agus na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorporáidigh.

Cánach

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon BOOLI a oibleagáidí faoin dlí cánach.



Próifíl BOOLI

Bunaíodh BOO an Longfoirt agus na hlarmhí (BOOLI) faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus is é an t-údarás áitiúil reachtúil, oideachais agus oiliúna do chontaetha Longfoirt agus na hlarmhí é. Soláthraíonn BOOLI raon leathan seirbhísí oideachais agus oiliúna lena n-áirítear:

- Iar-Bhunscoileanna agus Coláistí
- Iar-Ardteistiméireacht
- Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna
- Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna
- Seirbhísí don Ógra
- Oideachas Ceoil

Tá BOOLI á rialú ag Bord ar a bhfuil 21 comhalta. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ag an mBord chomh maith, Coiste Airgeadais, Coiste Comhairleach Óige agus Comhpháirtíocht Áitiúil um Oideachas Ceoil, atá comhdhéanta de chomhaltaí seachtaracha chomh maith le comhaltaí Boird. Tugann Boird Bhainistíochta i ngach ceann de na 8 iar-bhunscoil de chuid BOOLI tacaíocht bhreise d'obair an Bhoird. Tá feidhmeanna ginearálta BOO sonraithe san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá ceannoifig BOOLI lonnaithe sa Mhuileann gCearr agus tá oifigí riaracháin lonnaithe i mbaile Longfoirt. Soláthraíonn na hoifigí seo tacaíocht airgeadais, acmhainní daonna, seirbhísí corparáideacha, foirgnimh, rialachais, pleanála agus ceannaireachta le haghaidh gach soláthar oideachais a chuireann BOOLI ar fáil.

Tá eolas ar an raon iomlán soláthar oideachais agus oiliúna a chuireann BOOLI ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.lwetb.ie



Príomhfhórais agus Príomhfhóiracha BOOLI

Scoileanna

Líon Príomhláithreacha Líon na Rannpháirtithe

Dalta Iar-Bhunscoile

8

3472

Daltaí Iar-ardteisiméireachta

2

235

Cúrsaí Óiche Féin-mhaoinithe

1

110

Iomlán

11

3817

Ionad Oideachas Sóisearach,
Naomh Antaine

1

16

Breisoideachas agus Oiliúint

Líon Príomhláithreacha Líon na Rannpháirtithe

Tairbhíthe atá ag freastal ar Chláir
BOOLI

11

8812

Tairbhíthe Seirbhísí FET eile

3

5360

Iomlán

14

14172

Seirbhísí Óige

Líon Príomhláithreacha Líon na Rannpháirtithe

Clubanna faoi stiúir oibrithe
deonacha

32

1286

Seirbhísí Óige faoi stiúir na hÓige

8

2722

Iomlán

40

4008



Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Since Energy Efficiency Baseline to 2021

Energy Savings: 39.0% lower




Change in Energy Consumption: 33.6% lower



Energy Performance Indicators - 2021

2021 EnPI = 1,638 kWh / No. full time pupils

Target EnPI = 1,343 kWh / No. full time pupils



Level 2 Energy Performance Indicators (2021)

7.4% better than 2020



39.0% better than energy efficiency baseline



22.0% improvement required by 2030



Electricity = 892 kWh / No. full time pupils

6.0% better than 2020



Thermal = 553 kWh / No. full time pupils

14.6% better than 2020



Transport = 193 kWh / No. full time pupils



11.3% worse than 2020




Spricanna maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

Tá Bord Oideachais & Oiliúna an Longfoirt agus na hlarmhí tiomanta do spricanna maidir le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach. Tá coistí agus grúpaí tionscadail curtha ar bun againn mar ghrúpa ar fud na tíre chun oibriú ar thionscadail ghníomhaithe ar son na haeráide a chabhróidh linn ár spricanna a bhaint amach.

Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh



Láithreacht Seirbhísí BOOLI



Scoileanna

1. Ardscoil Phádraig, Gránard
2. Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain
3. Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin
4. Coláiste Pobail Bhaile na gCros
5. Coláiste Cholm Cille, Cill Liúcainne
6. Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag
7. Coláiste Pobail an Mhuilinn gCearr (Soláthar PLC san áireamh)
8. Coláiste Theampall Mhichíl, Longfort (Soláthar PLC san áireamh)
9. Naomh Antaine, Baile Átha Luain

Breisoideachas & Oiliúint

10. Ionad FET Bhaile Átha Luain
11. Ionad FET Bhaile Uí Mhatháin
12. Ionad FET Ghránard
13. Ionad FET an Longfoirt
14. Ionad FET an Mhuilinn Chearr
15. Ionad Traenála Bhaile Átha Luain
16. Ógtheagmháil Bhaile Uí Mhatháin
17. Ógtheagmháil Dhealbha
18. Ógtheagmháil Chill Bheagáin
19. Ógtheagmháil Longfoirt
20. SDOG (Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais) Áth Luain
21. SDOG An Mhuilinn Chearr

Oifigí Riaracháin

22. Ceannoifig BOOLI An Mhuileann gCearr
23. Oifig an Longfoirt

1,036 Ball Foirne

**3,472 Dalta
Iar-bhunscoile**

**13,526
Foghlaimoirí
FET**

**Buiséad Bliantúil
thart ar
€60 milliún**




Miondealú Foirne BOOLI

Catagóir	2022
Múinteoirí Iar-Bhunscoile	458
Múinteoirí/Teagascóirí FET	155
Foireann Riaracháin	127
Comhordaitheoirí/Ceannasaithe Ionad	29
Oibrithe Acmhainne	13
Foireann Cothabhála	34
Foireann Tacaíochta (SNA)	81
Scrúduithe	94
Fíordheimhnitheoir Seachtrach	8
Music Generation	18
Eile	19
Iomlán	1036



Cairt Eagraíochta BOOLI





ÁR MISEAN

Seirbhísí oideachais
agus oiliúna atá
bríomhar, éagsúil
agus nualach



ÁR BHFÍS

Seirbhísí oideachais agus
oiliúna atá gairmiúil,
beomhar, ar ardcháilíocht
agus a aithnítear go
náisiúnta agus go
hidirnáisiúnta
a sholáthar



ÁR LUACHANNA

Dírthe ar an
bhFoghlaimoír Ceiliúrann
Cuimsiú Feidhmíonn le
hlonracas



Ár Luachanna



Díríthe ar an bhFoghlaimoír

Cuirimid foghlaimoírí i gcoilár gach rud a dhéanaimid.

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Riachtanais na bhfoghlaimoírí a chur chun tosaigh.
- Guth a thabhairt d'fhoghlaimoírí.
- Córais agus modheolaíochtaí a athbhreithniú agus a fhorbairt i gcónaí.
- Cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh i leith an oideachais.
- Luach saothair a bhronnadh ar obair chrua agus ar thiomantas.



Ceiliúrann Cuimsiú

Déanaimid an chomhionannas a cheiliúradh agus fáiltimid roimh gach foghlaimoír.

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Glacadh le hilchinéalacht na bpobal.
- Deiseanna oideachais inrochtana a sholáthar.
- Oiriúnú do riachtanais na bpobal.
- Timpeallacht shábháilte oibre agus foghlama a chinntiú don fhoireann agus d'fhoghlaimoírí.
- Comhpháirtíochtaí a spreagadh ar fud na heagraíochta agus níos faide i gcéin.



Feidhmíonn le hIonracas

Oibrímid ar bhealach atá eiticíúil, trédhearcach agus cuntasach..

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Beartais agus córais trédhearcacha a bheith i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.
- Cumarsáid oscailte a chinntiú.
- Ómós a thabhairt do gach ball den phobal.
- Freagracht a ghlacadh as ár ngníomhartha.
- Ceannaireacht a thabhairt le deashampla.



Treoraíonn le Nuálaíocht

Treoraíonn muid nuálaíocht trí smaointe nua a chothú agus cruthaitheacht a chur chun cinn.

DÉANAIMID É SEO TRÍ:

- Forbairt ghairmiúil a chur chun cinn i ngach réimse den eagraíocht.
- Cleachtais a athbhreithniú i gcónaí.
- Oiriúnú do riachtanais athraitheacha.
- Tacú le hobair na gcomhghleacaithe.
- Dul i dteagmháil le soláthraithe clár nua agus nuálaíoch.
- Saoirse a thabhairt d'fhoghlaimoírí



Tosaíochtaí Straitéiseacha

ÁR MISEAN

Seirbhísí oideachais agus oiliúna
atá briomhar, éagsúil agus nuálach a sholáthar.

Fís: Seirbhísí oideachais agus oiliúna atá gairmiúil, beomhar, ar ardcháilíocht
agus a aithnítear go náisiúnta agus go hidimáisiúnta a sholáthar

Dirithe ar an
bhFoghlaim

FOCHLAIMEOIRÍ

Ceiliúrann
Cuimsiú

DAOINE

Feidhmíonn le
hionracas

SEIRBHÍSÍ

Treoraíonn le
Nuálaíocht

EAGRAÍOCHT



Tosaíocht 1

Teagasc, Foghlaim,
Measúnú ar
Ardchaighdeán a
chur ar fáil,
Forbairt agus
Eispéireas an
Fhoghlaimora



Tosaíocht 2

Feabhas a chur
ar Bhonneagar ar
fud BOOLI



Tosaíocht 3

Tacaíocht
agus Forbairt
Eagraíochtúil a
Fheabhsú



Tosaíocht 4

Comhpháirtíochtaí
a fheabhsú



Tosaíocht 5

Inbhuanaitheacht
Chomhshaoil
agus Shóisialta a
fhorbairt



Comhaontú Seachadadh Feidhmíochta 2022
Breisoideachas & Breisoiliúint

Tosaíocht 1 BOOLI	Sprioc BOOLI	Gníomh ar son an Bhreisoideachais	Feidhmíocht an Bhreisoideachais	Sprioc an Bhreisoideachais	Sprioc 2022 Bainte Amach	%
1. Eispéireas Múinteoireachta, Foghlama, Measúnachta, Forbartha agus Foghlaimeora ar ardchaighdeán a chur ar fáil.	1.1 Barr feabhais a chur ar eispéireas an fhoghlaimeora trí chultúr comhoibrithe a chur chun cinn ina dtugtar cluas éisteachta do ghuth na scoláirí, na bhfoghlaimeoirí, na foirne agus na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí agus ina gcuirtear an deis chun cinn le haghaidh a thabhairt ar an gcinnteoireacht laistigh de BOOLI.	Tá cruinnithe foirne beartaithe.	Socraíonn an bainisteoir líne íoslíon cruinnithe foirne in aghaidh na bliana agus riachtanais foirne/róil á gcur san áireamh.	Cuireadh an íoslíon cruinnithe foirne ar bun.	Cruinnithe den Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta, a reáchtáiltear go seachtainiúil, áirítear athbhreithniú Straitéiseach, Oibríochtúil agus Beartais ar mhíreanna an chláir oibre. Reáchtáladh cruinnithe na foirne bainistíochta BOBO gach seachtain. Bhí cruinnithe le comhordaitheoirí agus ceannairí ar siúl gach 4 go 6 seachtaine. Reáchtáladh cruinnithe leis an bhfoireann eile ar fad dhá uair ar a laghad. Bhí dhá chruinniú comhordaitheora ann le Bainistíocht BOBO.	100%
		Cuimsítear guth an fhoghlaimeora sa phróiseas cinnteoireachta laistigh den Bhreisoideachas agus den Bhreisoiliúint.	Bailítear aiseolas trí rannpháirtíocht le foghlaimeoirí, suirbhéanna agus fóram d’foghlaimeoirí.	Déantar athbhreithniú ar aiseolas agus comhaontaítear ar ghníomhartha leantacha.	Cuireadh an t-athbhreithniú tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chun cinn agus chuimsigh sé aiseolas ó shampla ionadaíoch de gach clár BOBO. Óstáladh fóram foghlaimeora de chuid Aontas chun guth an fhoghlaimeora a ghabháil i rith na bliana agus eisíodh tuarascáil lena hathbhreithniú. https://www.lwetb.ie/inaugural-review/	100%
		Fiosraigh slite cur le guth an fhoghlaimeora a fheabhsú laistigh den Bhreisoideachas agus den Bhreisoiliúint.	Buail le hAontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ) chun roghanna féideartha d'foghlaimeoirí BOBO a fhiosrú.	Reáchtáil 2 chruinniú le AMLÉ.	Reáchtáladh cruinniú amháin.	50%
	1.2 Tacú le tionscnaimh a fhreastalaíonn ar riachtanais an chláir náisiúnta de réir mar a thagann siad chun cinn,rannpháirtíocht mhéadaithe, comhionannas agus ionchuimsiú a chur chun cinn.	Ainmnigh baill foirne Breisoideachais agus Breisoiliúna agus glac páirt i dtionscnaimh náisiúnta de réir mar is cuí.	Rannpháirtíocht baill foirne Breisoideachais agus Breisoiliúna i dtionscnaimh náisiúnta.	Clár ionadaíocht na foirne Breisoideachais agus Breisoiliúna le haghaidh 2022 a bhunú.	Cuireadh tús le clár. Déanann foireann Breisoideachais agus Breisoiliúna BOOLI ionadaíocht don eagraíocht i 30 tionscnamh náisiúnta. Críochnófar an clár le linn 2023.	75%
	1.3 Déanfaidh ionaid agus scoileanna cultúr a chur chun cinn agus a leabú ina dtugtar deis dár bhfoghlaimeoirí agus scoláirí a barr a gcumais a bhaint amach.	Tá Seirbhísí Earcaíochta agus Treoir do Dhaoine Fásta an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna ar fáil d’foghlaimeoirí reatha nó dóibh siúd ar mhaith leo roghanna breisoideachais agus breisoiliúna a fhiosrú ar mhaithe lena ngairm a fheabhsú.	Socraítear coinní le haghaidh cliaint ar mhaith leo an tseirbhís a úsáid.	Baintear úsáid as Córas Tacaíochta an Fhoghlaimeora Cláir (CTFC) agus an Córas Bainistíochta um Threoir do Dhaoine Fásta chun rannpháirtíochtaí cliaint a thaifeadadh	Tá gach foghlaimeoir an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna cláraithe le PLSS ar fud na seirbhísí go léir. Cruinníonn an tSeirbhís Treorach do Dhaoine Fásta le 3710 tairbhí. Tagann na foirne Earcaíochta agus Treorach do Dhaoine Fásta le chéile 6 huaire.	100%
		Cuirfidh BOBO le líon na bhfoghlaimeoirí.	Cuirfear áiteanna breise ar fáil sna príomhsheirbhísí a bhfuil éileamh ag na foghlaimeoirí orthu.	Beidh méadú 5% ar líon na bhfoghlaimeoirí.	Sháraigh líon na bhfoghlaimeoirí barrachas 5%.	100%
		Cuirfear roghanna cláir nua ar fáil ar d’foghlaimeoirí.	Bailíochtú na gclár leis na forais cháiliúcháin a chur chun cinn.	Bailíochtófar 2 chlár nua, ar a laghad.	Rinne BOOLI dhá dhámhachtain shainchuspóireacha a dhearbhú, agus tá ceann eile ar siúl laistigh den phróiseas faofa do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. Ghlac BOOLI páirt i bhforbairt na nithe seo a leanas: Teastas i bhFeasacht ar Inbhuanaitheacht Chomhshaoil 4S21809 agus Teastas in Inbhuanaitheacht Chomhshaoil san Ionad Oibre 5S21793.	100%
		Tá scéim iasachta ríomhaire glúine ar fáil do gach foghlaimeoir.	Cuirtear an scéim chun cinn agus baineann foghlaimeoirí leas as an áis.	Coinnítear taifead d’úsáid foghlaimeoirí.	Tá an scéim iasachta ríomhaire glúine ar fáil anois do gach foghlaimeoir BOBO agus tá clár á choinneáil ag gach seirbhís.	100%

	1.4 Tacú lenár n-ionaid agus scoileanna chun próisis féinmheastóireachta dearbhú caighdeáin a leabú ar fud sheirbhísí BOOLI.	Tá Dearbhú Cáilíochta (DC) fite fuaite sa Bhreisoideachas agus sa Bhreisoiliúint.	Tacaíonn foireann a chuireann cabhair leanúnach ar fáil do bhainistíocht an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna, do Chomhordaitheoirí, teagascóirí agus foghlaimeoirí an Bhreisoideachais agus an Bhreisoiliúna, le Dearbhú Cáilíochta laistigh den Bhreisoideachas agus Breisoiliúint.	Bronnfar deimhniúchán ar fhoghlaimeoirí a fhreastalaíonn ar chláir dheimhnithe agus a shásaíonn an caighdeán cáilitheach, mar a fógraíodh.	Tá sé de fhreagracht ar DC de gach BOO córas dearbhaithe cáilíochta cumaiscthe amháin a fhorbairt a thugann aghaidh ar na 11 Croí-Threoirlíne Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus atá ag teach leo, lena n-áirítear réimsí a bhaineann go sonrach le hearnáil agus topaic. Chruthaigh BOOLI brandáil Chóras Caighdeáin an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna (CCBOBO) chun aird a tharraingt ar bheartais, nósanna imeachta nua agus forbartha agus ar gach cáipéisíocht a ghabhann leis chun tacú le córas nua DC a thiocfaidh in ionad gach córas DC oidhreachta eile de chuid BOOLI a bhí i bhfeidhm roimhe seo. D'oibrigh an t-aonad CCBOBO go dícheallach le roinnt blianta anuas chun tús a chur le soláthar sraith beartas, nósanna imeachta, cáipéisí, treoirlínte srl. a thacóidh le gach soláthar BOBO. Téann cáipéisíocht CCBOBO ar fad trí phróiseas iomlán maoirseachta trí dhá phríomhghrúpa rialachais; an Grúpa um Rialachas Cláir (PGG) agus an Grúpa um Fhormhaoirseacht ar Cháilíocht (GFC) agus déanann an Grúpa Formhaoirseachta Caighdeáin (QGG) maoirseacht ar an obair go léir chun comhlíontacht agus caighdeáin a chinntiú i ngach obair a chuirtear ar fáil. Agus é ag obair sa réimse seo i rith 2022, d'fhorbair agus d'fhoilsigh CCBOBO breis is 22 beartas, nós imeachta CCBOBO agus cáipéisíocht a bhaineann le DC an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna chun tacú gach cláir foghlama ar fud BOOLI a sholáthar ar ardchaighdeán.	100%
		Dul i ngleic le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann an athuair.	Tá athbhreithniú tionscnaimh beartaithe do mhí Feabhra agus Aibreán 2022.	Toradh dearfach a bhaint amach ó phróiseas ath-rannpháirtíochta	Críochnaíodh Próifíl Soláthraí BOOLI, Tuarascáil Féinmheastóireachta BOOLI agus Achoimre Foghlaimeora BOOLI ar an Tuarascáil Féinmheastóireachta in Nollag 2021, tar éis athbhreithniú a dhéanamh air seo chuaigh foireann athbhreithnithe Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i mbun an 2ú céim de Sheachtain Athbhreithnithe Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann an tseachtain dar tús an 25ú Aibreán 2022 go dtí an 29ú. Thacaigh an Grúpa Stiúrtha Féinmheastóireachta (SESG) leis na cuairteanna digiteacha le maoirseacht agus bainistíocht ar – 35 seisiún cruinnithe MS Teams, ag tacú le 158 rannpháirtí BOOLI páirt a ghlacadh iontu, a raibh 29 foghlaimeoir, 93 ball foirne BOOLI agus 35 páirtí leasmhar rannpháirteach iontu. Bhí forbairt na Tuarascála Athbhreithnithe Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann mar thoradh ar an gcáipéisíocht ar fad agus gach toradh cruinnithe. Cuireadh 11 ardmholadh agus 12 mholadh in iúl sa Tuarascáil Athbhreithnithe Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann sin, agus tá an tuarascáil sin foilsithe ar shuíomh gréasáin QQI lena hathbhreithniú ag an bpobal. Beidh Tuarascáil Athbhreithnithe Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar fáil don phobal le breathnú uirthi ar ár suíomh gréasáin BOOLI i mí Eanáir 2023.	100%
		Grúpa stiúrtha an athbhreithnithe tionscnaimh.	Tá gach ball foirne agus foghlaimeoir ar an eolas agus ullmhaithe don athbhreithniú Tionscnaimh.	Tionólfar cruinniú amháin ar a laghad gach coicís go dtí deireadh mhí Aibreáin.	Reáchtáladh cruinnithe rialta mar a bhí beartaithe gach coicís agus reáchtáladh 3 chruinniú breise idir Eanáir Aibreán le go mbeidís in ann obair ullmhúcháin a dhéanamh roimh an tseachtain athbhreithnithe a bhí ar siúl ag deireadh mhí Aibreáin.	100%

		A chinntiú go dtacaítear le Rialachas DC agus go gcaomhnaítear é.	Leanann trí ghrúpa Rialachais DC orthu ag feidhmiú.	Reáchtálfar 18 gcruinniú ar a laghad ar fud na ngrúpaí rialachais uile.	Chruinnigh trí ghrúpa rialachais DC, is iad GFC, PGG agus an QGG le chéile 18 n-uaire san iomlán.	100%	
		Pobail chleachtais le bunú.	Aithin pobail chleachtais le haghaidh BOBO.	Dhá phobal cleachtais bunaithe.	Tá Pobal Cleachtais amháin, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, sna chéad chéimeanna agus cuirfear an dara ceann ar aghaidh.	50%	
	1.5	A chinntiú go dtugtar tús áite do shábháilteacht agus folláine gach scoláire agus foghlaimeora, go gcomhlíontar rialacháin agus treoirlínte go hiomlán, agus go léirítear Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí.	Tá cosaint leanaí mar thosaíocht i dtaca le soláthar agus seirbhísí breisoideachais agus breisoiliúna a bhfaigheann daoine faoi 18 mbliana d’aois rochtain orthu.	Tá nósanna imeachta um chosaint leanaí agus leabaithe laistigh den bhreisoideachas agus breisoiliúint.	Cloítear le nósanna imeachta um chosaint leanaí.	Cloíodh le gach nós imeachta cosanta agus d'úsáid na seirbhísí sin a meastar gur leanaí iad na foghlaimeoirí sin. Bhí comhordaitheoirí mar aon le comhoibriú bainistíochta BOBO ar siúl i rith na bliana. Bunaíodh coiste Sláinte & Sábháilteachta BOOLI tras-eagraíochtúil.	100%
		Tá seirbhísí tacaíochta síceolaíocha ar fáil d’fhoghlaimeoirí.	Seirbhís tacaíochta síceolaíochta a leathnú ar fud seirbhísí BOBO.	Plean a fhorbairt agus buiséad a leithdháileadh chun an tseirbhís seo a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí BOBO.	Forbraíodh plean don tseirbhís seo i gcomhar le soláthar agus leithdháileadh buiséad chun an tseirbhís seo a chur ar fáil do gach foghlaimeoir BOBO. Tá r-thairiscint foilsithe ag BOOLI.	100%	
		Tacú le forbairt creat meabhairshláinte an fhoghlaimeora le haghaidh foghlaimeoirí Breisoideachais agus Breisoiliúna.	Comhoibriú a dhéanamh leis an bhfoireann agus seisiún eolais a reáchtáil ar an gcreat.	Creat meabhairshláinte an fhoghlaimeora a chur i bhfeidhm ar mhaithe le foghlaimeoirí breisoideachais agus breisoiliúna.	Tá aiseolas tugtha ag BOBO maidir le creat a fhorbairt do BOBO, a sholáthróidh leagan cineálach a dhéanfaidh BOOLI a shaincheapadh in 2023.	50%	
		Tacú leis an tionscadal “Toiliú Gníomhach”.	Ainmnigh foireann BOBO chun freastal ar sheisiúin faisnéise.	Plean feidhmithe a fhorbairt.	Ainmníodh ball foirne BOBO sa ról seo. Is clár é Toiliú* Gníomhach chun tionchar feachtais náisiúnta a threisiú maidir le feasacht a mhúscailt ar thábhacht an toilithe. Tá an Roinn Dlí agus Cirt, in éineacht le DFHERIS, i mbun comhpháirtíochta le OÉ Gaillimh chun mol digiteach a chruthú a sholáthróidh acmhainn chomhtháite, a bheidh ar fáil go poiblí ar fheasacht toilithe agus ar an bhfoghlaim agus a thabharfaidh ábhar oideachais agus promóisin gaolmhar le chéile in aon áit amháin. Beidh BOOÉ i gceannas ar an rolladh amach agus suíonn an ball foirne BOBO ainmnithe ar an ngrúpa oibre Náisiúnta um thoiliú Gníomhach. Is í an aidhm ná oiliúint a rolladh amach trí úsáid a bhaint as acmhainní inoiriúnaithe a bhaineann go sonrach le BOBO chun teagmháil a dhéanamh leis na pobail imeallaithe agus le haghaidh a thabhairt ar na spriocghrúpaí atá ar an ngannchuid go traidisiúnta agus a bhfuil sé deacair teacht orthu, mar shampla pobail atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus baill den iliomad pobal inimirceach in Éirinn. Is é an coincheap bunúsach ná ‘litearthacht toilithe’. Tacóidh an fhoireann le foghlaimeoirí a bhfeasacht a fhorbairt i réimsí, lena n-áirítear muinín phearsanta agus neamhspleáchas, cumarsáid idirphearsanta laistigh de chomhthéacsanna gaoil agus piaraí, scileanna chun dúshlán a thabhairt roimh gníomhartha do-ghlactha, agus mothú go bhfuil siad ullamh chun freastal ar na riachtanais tacaíochta atá acu féin nó daoine eile ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh cultúir de.		

					Tá oiliúint á cur ar fáil don fhoireann le comhpháirtíocht idir OÉG agus ionad éigeandála um Éigniú na Gaillimhe. Bhí roinnt ball foirne ag freastal ar oiliúint ag BOOLI i mí Iúil agus mí Mheán Fómhair agus léirigh roinnt ball foirne suim i modúl Leibhéal 9 a chur i gcrích. Níl anseo ach tús lenár dturais agus leanfaimid orainn ag tacú leis an tionscnamh seo.	50%	
	Tosaíocht 2 BOOLI	Sprioc BOOLI	Gníomh ar son an Bhreiseoideachais	Feidhmíocht an Bhreisoid.	Sprioc an Bhreiseoideachais	Sprioc 2022 Bainte Amach	%
	2. Infreastruchtúr a fheabhsú ar fud BOOLI.	2.1 Foirgnimh agus áiseanna a chothabháil, a fheabhsú agus a leathnú chun cóiríocht oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil don fhoireann agus d’fhoghlaimoirí.	Ceaptar plean oibreacha le haghaidh foirgnimh a úsáidtear le haghaidh Breisoideachais agus Breisoiliúna.	Cuirtear oibreacha in ord tosaíochta agus cuirtear tús leo agus/nó críochnaítear iad sa bhliain 2022.	Buiséad €1,000,000 le bheith caite.	Faoi dheireadh 2022, caitheadh € 500,000 ar thionscadal a bhaineann le foirgnimh. Chuaigh soláthar & éileamh i bhfeidhm ar roinnt tionscadal pleanáilte agus tá athbhreithniú á dhéanamh orthu i gcomhar le maoinitheoirí. Bunaíodh Foireann Cumarsáide Foirgneamh faoi chomhchathaoirleacht DFET agus DOSD chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail.	50%
			Maoiniú le lorg ó SOLAS le haghaidh tionscadail bhonneagair/tógála.	Iarratais ar mhaoiniú le déanamh chuig SOLAS trí úsáid a bhaint as próiseas iarratais nua: a) Foirm Iarratais agus Cás Gnó an Chiste um Uasghrádú Bonneagair Straitéisigh (CUBS) b) Teimpléad - Tuairisc Meastóireachta Straitéisí (TMS) c) Foirm Iarratais le haghaidh Oibreacha Sláinte agus Sábháilteachta Éigeandála	Dhá iarratas ar a laghad le déanamh.	Rinneadh 5 iarratas san iomlán ar mhaoiniú le 3 iarratas faoin gCiste um Uasghrádú Bonneagair Straitéisigh (CUBS) agus 2 iarratas faoin Tuairisc Meastóireachta Straitéisí (TMS). Le linn 2022 ceadaíodh iarratas amháin de chuid CUBS chun campas Bhaile Átha Luain a uasghrádú.	100%
			Suíomhanna eile le fiosrú chun roinnt den soláthar Breisoideachais agus Breisoiliúna a athlonnú.	Iarratais léasa faofa ag SOLAS, ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.	1 suíomh nua amháin le haghaidh Breisoideachais agus Breisoiliúna ar a laghad a bheith faofa.	Fuarthas cóiríocht bhreise ar champas Bhaile Marlainn ar bhonn sealadach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an fhoghlaimeora BOBO.	0%
			Tionscadal an Chiste um Aistriú Cóir a chur chun cinn.	Treoirlínte agus spriocdhátaí maoinithe a chomhlíonadh, faomhadh cead pleanála a bhaint amach agus tús a chur leis an tógáil.	Cuireadh tús leis an obair tógála.	Tá céim mhionsonraithe deartha curtha i gcrích agus eisíodh r-thairiscint le haghaidh freagartha faoi dheireadh na bliana. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an tionscadal seo faoi láthair i gcomhar le maoinitheoirí.	50%
			Foirgnimh a shainaithint le suirbhéireacht a dhéanamh ar an riocht atá orthu.	Tacú le próiseas soláthair chun seirbhísí gairmiúla a fháil ar chonradh chun tabhairt faoi Thuairiscí maidir le Suirbhéireacht ar Riocht Foirgnimh (SRF)	2 Thuairisc maidir le Suirbhéireacht ar Riocht Foirgnimh (SRF) a chur i gcrích.	Níl sé sin ag teastáil chun tionscadail 2022 a chur isteach.	N/B
		2.2 Iniúchadh a dhéanamh ar leathnú seirbhísí BOOLI chun Pobalscoileanna Náisiúnta agus Coláistí Breisoideachais agus Breisoiliúna na Todhchaí a chur san áireamh.	Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ó SOLAS chun “Coláistí Breisoideachais agus Breisoiliúna na Todhchaí ” a bhunú.	Pleanáil a dhéanamh chun Tuairisc Meastóireachta Straitéisí (TMS) a chur faoi bhráid DFHERIS/SOLAS.	Cuireadh tús leis an bpróiseas iarratais.	Rinneadh 2 iarratas san iomlán trí úsáid a bhaint as an Teimpléad - Tuairisc Meastóireachta Straitéisí (TMS). Dá gceadófaí iad, bhunófaí mórchampas BOBO sa Mhuileann gCearr agus sa Longfort agus cuirfear tús leis seachadadh ar an gcéad Choláiste Breisoideachais agus Breisoiliúna na Todhchaí na Todhchaí de chuid BOOLI inár suíomh reatha i mBaile Átha Luain.	100%

		Ionadaíocht ar son Breisoideachais agus Breisoiliúna ar an nGrúpa Oibre Caipiteal Breisoideachais agus Breisoiliúna le SOLAS, leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus BOOÉ.	Stiúrtóir BOOLI mar ionadaí ar Bhreisoideachas agus ar Bhreisoiliúint ar an nGrúpa Oibre Caipiteal Breisoideachais agus Breisoiliúna Náisiúnta.	Ionadaíocht á déanamh ar an earnáil Bhreisoideachais agus Bhreisoiliúna agus baint aici leis an gcinnteoireacht ag leibhéal náisiúnta.	Rinne an Stiúrtóir Breisoideachais agus Breisoiliúna ionadaíocht ar BOOLI ag na trí chruinniú a bhí ar siúl i rith 2022.	100%
		Soláthar agus seirbhísí BOBO a fheabhsú.	Forbairt déanta ar iarratais don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta/SOLAS chomh maith le tacú le cásanna gnó le haghaidh ceadú ról.	Iarratais i dtaca le ceadú ról a bheith leagtha isteach agus faofa.	Rinneadh iarratais a chur isteach agus cheadaigh DFHERIS chun gach ról athsholáthair le linn 2022, lena n-áirítear ceadú chun 4 ról nua a bhunú do Sheirbhísí BOBO.	100%
	2.3 Bonneagar TFC a chur i bhfeidhm agus a leathnú chun tacú le córais rialachais, córais Chosanta Sonraí, leanúnachas gnó agus bainistíocht riosca.	Áirítear réimsí a bhaineann leis an mBreisoideachas agus Breisoiliúint i gcóras bainistíochta Rioscaí iomlán BOOLI.	Áirítear bainistíocht rioscaí sa Bhreisoideachas agus sa Bhreisoiliúint i gcóras bainistíochta rioscaí iomlán BOOLI.	Déantar nuashonrú ar chóras bainistíochta rioscaí an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna gach ráithe.	Rinneadh nuashonrú ar chóras bainistíochta rioscaí an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna do 2022.	100%
		Plean TFC a fhorbairt le bainistíocht agus le comhordaitheoirí an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna.	Plean TFC bliantúil a chruthú agus na míreanna á gcur in ord tosaíochta faoi réir an bhuiséid atá ar fáil.	Soláthraítear na míreanna tosaíochta agus/nó suiteáiltear iad.	Ordaíodh ríomhairí glúine ionaid d'oideachasóirí a úsáid i gcur chun cinn Breisoideachais agus Breisoiliúna d'fhoghlaimoirí. Suiteáladh cláir chliste in 2 ionad.	100%
	2.4 Córais chuí faisnéise agus tuairiscithe bainistíochta a fhorbairt ar fud BOOLI.	Córais faisnéise bainistíochta (Airgeadas).	Tuairiscí míosúla á gcruthú ag bainistíocht agus comhordaitheoirí an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna chun bonn eolas a chur faoin bpleanáil airgeadais.	Tuairiscí míosúla á n-ullmhú agus á ndáileadh ar na coimeádaithe buiséid uile trí úsáid a bhaint as SharePoint.	Cuireadh Tuairiscí míosúla ar fáil do Bhainistíocht agus comhordaitheoirí an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna chun bonn eolais a chur faoi phleanáil airgeadais. Suiteáladh cláir chliste in dhá ionad.	100%
		Córais faisnéise bainistíochta (neamhairgeadas).	Tuairiscí míosúla á gcruthú le go ndéanfadh bainistíocht agus comhordaitheoirí an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna athbhreithniú orthu chun bonn eolais a chur faoi sheachadadh an tsoláthair.	Tuairiscí míosúla á n-ullmhú agus á ndáileadh trí úsáid a bhaint as SharePoint.	Cuireadh Tuairiscí míosúla ar fáil do Bhainistíocht agus comhordaitheoirí an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna chun bonn eolais a chur faoi sholáthar agus pleanáil clár.	100%
		Comhaontú Feidhmiúcháin Straitéisigh (CFS) le bheith bunaithe le SOLAS i gcomhair na tréimhse 2022-2024.	CFS a chríochnú agus a shíniú le SOLAS.	Oibriú i dtreo sholáthar na spriocanna CFS faoi dheireadh na bliana 2024.	Tugadh Comhaontú Feidhmiúcháin Straitéisigh BOOLI (CFS) don tréimhse 2022-2024 chun críche le SOLAS.	100%
		A chinntiú go bhfuil gach clár ar fáil agus feiceálach do gach foghlaimoir féideartha.	Iarratas agus Tuairisciú i dtaca le Leithdháileadh an Mhaoinithe (ITLM) curtha i gcrích.	CTFC agus cúrsaí Fetch ag léiriú gach clár Breisoideachais agus Breisoiliúna de chuid BOOLI.	Léirigh CTFC agus cúrsaí Fetch gach clár Breisoideachais agus Breisoiliúna de chuid BOOLI. Críochnaíodh próiseas ITLM do phleanáil cláir 2023 ar an 15 Nollaig 2022. Cuireadh naisc le cúrsaí ar fáil freisin ar Shuíomh Gréasáin BOOLI. Úsáideadh na meáin shóisialta chun cúrsaí a chur chun cinn freisin.	100%
	2.5 Córais agus struchtúir éifeachtacha Sláinte agus Sábháilteachta a athbhreithniú agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta.	Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta ar fud an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna agus iad a fheabhsú.	3 bhall foirne a bheith ainmnithe ag an mBreisoideachas agus Breisoiliúint le haghaidh grúpa oibre Sláinte agus Sábháilteachta eagraíochtúil BOOLI.	Freastalaíonn na baill foirne ar chruinnithe, déanann siad ionadaíocht ar an mBreis oideachas agus an Breisoiliúint agus cuireann siad a gcuid saineolais le córais agus nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta BOOLI.	D'ainmnigh Breisoideachas agus Breisoiliúint baill foirne ar grúpa oibre Sláinte agus Sábháilteachta eagraíochtúil BOOLI ag freastal ar gach cruinniú sceidealaithe.	100%
		Cuireadh oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta ar an bhfoireann.	Ionchuimsítear oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta sa phlean Foghlama agus Forbartha Gairmiúla (F&FG).	Coimeádtar taifead den oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta.	Déantar taifead ar gach oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta anois. Coinnítear gach taifead oiliúna sa Cheannoifig.	100%

Tosaíocht 3	Sprioc BOOLI	Gníomh ar son an Bhreisoideachais	Feidhmíocht an Bhreisoideachais	Sprioc an Bhreisoideachais agus	Sprioc 2022 Bainte Amach	%
3. Tacaíocht & Forbairt Eagraíochtúil a Fheabhsú.	3.1 Dea-chleachtais rialachais a leabú ar fud BOOLI de réir Chód Rialachais BOO, na reachtaíochta reatha agus cloí le riachtanais tuairiscithe chuig ranna rialtais ábhartha.	Léiríonn an bhainistíocht tábhacht an dea-rialachais.	Leagann gach bainisteoir líne béim ar an rialachas ag cruinnithe agus nuair a bhíonn cinnteoireacht ar bun i dtaca le seachadadh ar aon seirbhís.	Cinneann torthaí na tuairisce iniúcháireachta toradh sásúil.	Críochnaíodh 3 x iniúchadh CSE le toradh inghlactha.	100%
	3.2 Deiseanna forbartha foirne a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi dhea-chleachtas agus chun soláthar seirbhísí dinimiciúla, éagsúla, nuálacha a chumasú.	Tacú le Foghlaim agus le Forbairt Ghairmiúil (F&FG) fhoireann an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna.	Cruthaítear Plean F&FG bliantúil le haghaidh gach catagóir poist lena n-áirítear féilire leis na deiseanna ar fad.	Coimeádtar taifead den oiliúint atá déanta.	Coinnítear taifead ar oiliúint atá curtha ar fáil don Fhoireann Breisoideachais agus Breisoiliúna.	100%
		Tacú le cur chun cinn na Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) le haghaidh foghlaimeoirí agus na foirne Breisoideachais agus Breisoiliúna.	Plean FCT bliantúil le buiséad leithdháilte le haghaidh oiliúna agus trealaimh.	Taifead ar an oiliúint agus ar an trealamh a ndearnadh infheistíocht iontu.	Coinnítear taifead ar an oiliúint agus ar an trealamh a ndearnadh infheistíocht iontu.	100%
	3.3 Foireann oilte ardchaighdeáin a mhealladh agus a choinneáil agus struchtúr a leabú le freastal ar phatrúin oibre atá ag teacht chun cinn.	Cead a lorg le haghaidh róil ionadaíochta agus róil nua laistigh den Bhreisoideachas agus Breisoiliúint.	Cásanna gnó a chur ar fáil chun tacú leis an bpróiseas faofa.	Faomhadh na ról.	Rinneadh iarratais agus cásanna gnó a chur isteach agus cheadaigh DFHERIS chun gach ról athsholáthair le linn 2022, lena n-áirítear cead chun 4 ról nua a bhunú do Sheirbhísí BOBO.	100%
		Tacaíonn a mbainisteoir líne le gach ball foirne a oibríonn laistigh den Bhreisoideachas agus den Bhreisoiliúint.	Tugann bainisteoirí líne faoi ionductúcháin agus faoi athbhreithnithe le gach ball foirne nua.	Baineann gach bainisteoir líne úsáid as teimpléid ionductúcháin BOOLI.	Curtha i gCrích.	100%
		Na róil nua atá ar fáil a chur chun cinn chun na hiarrthóirí is fearr a mhealladh.	Fógraítear gach folúntas Breisoideachais agus Breisoiliúna go hinmheánach agus/nó go seachtrach de réir mar is cuí.	Reáchtáiltear comórtais agus bronntar scóir ar na hiarrthóirí de réir inniúlachtaí réamhshocraithe.	Scóráiltear gach iarrthóir FET a thagann chun tosaigh le haghaidh agallaimh i gcoinne inniúlachtaí réamhshocraithe.	100%
	3.4 Scileanna cumais ceannaireachta ar fud na heagraíochta.	Tacú le F&FG leanúnach fhoireann an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna i róil cheannaireachta.	Cuimsíonn an Plean F&FG Bliantúil oiliúint cheannaireachta.	Coimeádtar taifead den oiliúint atá déanta.	Le bheith curtha chun cinn in 2023. Comhdháil: Ceannaireacht a Fhorbairt – D'fhreastail gach ceannaire sinsearach ar an gcéad chomhdháil ceannaireachta sinsearaí tras-eagraíochtúil riamh i mí na Samhna 2022.	100%
		Tacú le cumas ceannaireachta na foirne Breisoideachais agus Breisoiliúna.	Tacaíocht mheantóireachta leanúnach á cur ar fáil ag bainisteoirí líne.	Reáchtáladh cruinnithe duine ar dhuine leis an bhfoireann.	Reáchtáiltear cruinnithe duine ar dhuine le gach Comhordaitheoir BOBO agus lena mbainisteoir líne.	100%
		Feabhas a chur ar chumas ceannaireachta na foirne Breisoideachais agus Breisoiliúna.	Cuirtear deiseanna ar fáil do bhaill foirne tionscadail a threorú.	Cuirtear tús le dhá thionscnamh/thionscadal nua.	I mí an Mhárta 2022, ainmníodh na Seirbhísí Treorach do Dhaoine Fásta go náisiúnta mar an chéad phointe teagmhála laistigh de BOO d'aon duine a thagann ón Úcráin mar thoradh ar an gCogadh agus ar an ngéarchéim dhaonnúil ansin. Dhréachtaigh an tseirbhís in BOOLI pleananna agus próiseas go tapa i gcomhar leis an AEO agus Stiúrthóir BOBO chun freastal ar an éileamh seo. Socraíodh go mbeadh an tSeirbhís agus AEO i gceannas ar fhoireann freagartha inmheánach BOOLI le hionadaithe ó na soláthraithe cláir éagsúla chun an obair bhreise agus na tacaíochtaí a bheadh ag teastáil a phleanáil agus aghaidh a thabhairt orthu. Rinne an tseirbhís ionadaíocht ar BOOLI ar Fhoirne Freagartha Chomhairle Contae na hIarmhí agus an Longfoirt araon agus d'éirigh ina gcainéal chun eolas a roinnt idir na comhairlí	

					an an BOO. Cuireadh an clár maoinithe REACH i bhfeidhm go céimneach agus bunaíodh bord faofa agus bhí sé faoi stiúir na n-éascaitheoirí Oideachais Pobail sa Longfort agus san Iarmhí. Cuireadh maoiniú ar luach €200,000 ar fáil d'iarraitasóirí. Bhí AEO i gceannas ar Fhorbairt Ráiteas Straitéise BOOLI 2022 -2026 agus bhí sí ina cathaoirleach ar an ngrúpa oibre chun tionscadal a sheachadadh. Comhdháil: Ceannaireacht a Fhorbairt – D'fhreastail gach ceannaire sinsearach ar an gcéad chomhdháil ceannaireachta sinsearaí tras-eagraíochtúil riamh i mí na Samhna 2022.	100%
	3.5 Tacú le folláine na heagraíochta	Tacú le folláine gach ball foirne Breisoideachais agus Breisoiliúna.	Imeachtaí agus oiliúint folláine á gcuimsiú sa Phlean F&FG Bliantúil.	Coimeádtar taifead den oiliúint atá déanta.	Mar chuid de na tacaíochtaí a chuir Foireann Freagartha na hÚcráine i bhfeidhm tháinig iarratas isteach ar oiliúint don fhoireann maidir leis an mbealach is fearr chun tacú le foghlaimoirí ina seomra ranga. Chuaigh an fhoireann freagartha i dteagmháil leis an FSS agus fuair siad moltaí chun saineolaí (MICP; MIFPP; Reg Pract APPI; CTTTS; ApSup PTI/ICP) a bhí ina sícíteiripeoir creidiúnaithe agus speisialtóir ceangail a fhostú. Bhí aga comhlánaithe tapa ann ar an iarratas sin (10 lá) toisc gur go raibh géarghá leis an ngá. Sheas an fhoireann an fós agus bhí os cionn 30% den fhoireann teagaisc BOBO i láthair. Bhí an t-aiseolas an-dearfach, agus d'fhoghlaim an fhoireann roinnt teicnící chun cabhrú leo féin agus le foghlaimoirí sa seomra ranga agus bhí an téarma Glac agus Comhbhá (A&E) i gcroílár na hoiliúna. Is sampla é seo de cé chomh freagrúil is atá BOBO agus conas a thagann baill foirne le chéile do na foghlaimoirí atá ag croílár gach ní a dhéanaimid. Teagmháil déanta le himeachtaí coiste Folláine BOOLI.	100%
	3.6 Straitéis chumarsáide inmheánaí a chur i bhfeidhm.	Tacóidh an roinn Bhreisoideachais agus Breisoiliúna le cur i bhfeidhm straitéis chumarsáide BOOLI.	Straitéis chumarsáide BOOLI a chur i bhfeidhm.	Beidh faisnéis tugtha de roinn an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna maidir leis an straitéis, de réir mar is cuí.	Á athbhreithniú faoi láthair agus déanfar é a fhorbairt a thuilleadh ar leibhéal Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta in 2023.	50%
	3.7 Cleachtais éifeachtacha rialachais, bainistíochta rioscaí, comhlíontacht agus cuntasachta a chinntiú agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta.	Áirítear réimsí a bhaineann leis an mBreisoideachas agus Breisoiliúint i gcóras bainistíochta Rioscaí iomlán BOOLI.	Áirítear bainistíocht rioscaí sa Bhreisoideachas agus sa Bhreisoiliúint i gcóras bainistíochta rioscaí iomlán BOOLI.	Déantar nuashonrú ar chóras bainistíochta rioscaí an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna gach ráithe.	Déantar nuashonrú ar Chóras Bainistíochta Rioscaí an bhreisoideachais agus na breisoiliúna go ráithiúil.	100%

Tosaíocht 4	Sprioc BOOLI	Gníomh ar son an Bhreisoideachais	Feidhmíocht an Bhreisoideachais	Sprioc an Bhreisoideachais agus	Sprioc 2022 Bainte Amach	%
4. Comhpháirtíochtaí a Shaibhriú	4.1 Branda BOOLI a chur chun cinn agus próifíl áitiúil agus náisiúnta na seirbhísí go léir ar fud BOOLI a ardú.	Athbhreithniú a dhéanamh ar bhrandáil an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna laistigh de BOOLI	Plean cur chun cinn iomlán a chruthú le haghaidh foirgnimh, cláir agus seirbhísí an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna.	Plean curtha i gcrích faoi Ráithe 2.	Críochnaíodh plean i ráithe 2 agus leanadh ar aghaidh le hobair forbartha go dtí deireadh na bliana le lógónna, sluíin agus meirgí nua cruthaithe.	100%
		Iniúchadh a dhéanamh ar dhearadh agus forbairt shuíomh gréasáin nua do BOBO agus é ag comhtháthú le suíomh gréasáin eagraíochtúil reatha BOOLI.	Seirbhísí a sholáthar chun cabhrú le hathstruchtúrú agus dearadh suíomh gréasáin nua.	Tá struchtúr agus formáid an tsuímh ghréasáin críochnaithe faoi ráithe 3.	Críochnaíodh cáipéisí tairisceana, agus tá athstruchtúrú agus dearadh shuíomh ghréasáin nua tosaithe. Bunaíodh grúpa stiúrtha suíomh gréasáin BOBO le baill ar fud BOOLI i ráithe 3 agus tagann sé le chéile gach 2 sheachtain.	100%
		Cláir agus seirbhísí Breisoideachais agus Breisoiliúna a fhógairt ar mhodhanna éagsúla.	Leithdháiltear buiséad i gcomhair fógraíochta ar an raidió, i nuachtáin agus ar na meáin shóisialta.	Méadú 30% ar a laghad a bheith ar líon na ndaoine a thugann cuairt ar ár gcuid suíomhanna gréasáin agus ar idirghníomhaíocht lenár leathnaigh meán sóisialta idir mí Eanáir agus mí na Nollag.	Tháinig méadú 500% ar chuairteoirí ar ár suíomh ghréasáin agus ar rannpháirtíocht lenár meáin shóisialta fhoriomlána idir Eanáir agus Nollaig ag baint úsáide as ardáin Facebook, Twitter agus Instagram. Tá sé seo bunaithe bhonn meán sóisialta an-iseal.	100%
		Baintear úsáid as nuachtlitir Treoir do Dhaoine Fásta chun BOOLI a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as áiseanna meán sóisialta.	Dáiltear nuachtlitreacha ar bhonn seachtainiúil.	Tagann méadú 10% ar a laghad ar an idirghníomhaíocht lenár lucht leanta idir mí Eanáir agus mí na Nollag.	Dearadh agus seoladh ríomhphost de nuachtlitreacha Treorach BOBO gach seachtain agus méadaíonn an teagmháil le lucht leanúna 20% idir Eanáir agus Nollaig.	100%
	4.2 Rannpháirteachas páirtithe leasmhara a fheabhsú agus naisc a chothú le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.	Téann an fhoireann Bhreisoideachais agus Breisoiliúna i ngleic le comhpháirtithe áitiúla agus idirnáisiúnta de réir mar is cuí.	Ainmnítear baill ón bhfoireann Bhreisoideachais agus Breisoiliúna chun dul i ngleic le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.	Rachaidh an fhoireann Bhreisoideachais agus Breisoiliúna i ngleic le 20 comhpháirtí ar a laghad.	Chuaigh baill foirne BOBO ó gach cearn dár seirbhísí i dteagmháil le 20 comhpháirtí éagsúla i rith na bliana, agus d'fhéadfadh cruinnithe leanúnacha a bheith ag teastáil uathu. I measc cuid acu sin tá Grúpaí Pobail, Gníomhaireachtaí Áitiúla, TUS, OFÁ'nna, Cuideachtaí Comhpháirtíochta Áitiúla, Fostóirí, SOLAS, ETBI, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, Just Transition, Fóram Scileanna Réigiúnach, Comhairlí Contae na hIarmhí agus an Longfoirt. D'fhreastail an Príomhfheidhmeannach ar Cheithre Chomhdháil BOBO 'National College Alliance' i gCaerdydd i mí Dheireadh Fómhair 2022.	100%
	4.3 Dul i ngleic le forbairt beartais náisiúnta, ag freagairt don fhorbairt sin agus ag tacú lena cur i bhfeidhm	Rachaidh an fhoireann Bhreisoideachais agus Breisoiliúna i ngleic le forbairt beartais náisiúnta, freagróidh siad don fhorbairt sin agus tacóidh siad lena cur i bhfeidhm de réir mar is cuí.	Ainmnítear baill ón bhfoireann Bhreisoideachais agus Breisoiliúna chun dul i ngleic le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.	Rachaidh an fhoireann Bhreisoideachais agus Breisoiliúna i ngleic le 7 comhpháirtí ar a laghad.	Chuaigh baill foirne FET ó gach ceann dár seirbhísí i dteagmháil le 7 gcomhpháirtí éagsúla i rith na bliana, lena n-áirítear SOLAS, BOOE, Just Transition, Fóram Scileanna Réigiúnach, Comhairlí Contae na hIarmhí agus an Longfoirt.	100%
	4.4 Straitéis Cumarsáide seachtraí a chur i bhfeidhm.	Tacóidh an roinn Bhreisoideachais agus Breisoiliúna le cur i bhfeidhm Straitéis Cumarsáide seachtraí BOOLI.	Cuirfidh an fhoireann Bhreisoideachais agus Breisoiliúna Straitéis Cumarsáide seachtraí BOOLI i bhfeidhm.	Beidh faisnéis tugtha de roinn an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna maidir leis an straitéis, de réir mar is cuí.	Á athbhreithniú faoi láthair agus déanfar é a fhorbairt a thuilleadh ar leibhéal Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta in 2023.	50%
	4.5 Dul i dteagmháil go réamhghníomhach le gníomhaireachtaí agus fostóirí chun freagairtí nuálacha leanúnacha ar riachtanais oideachais agus eacnamaíochta reatha agus amach anseo a chinntiú.	Tacóidh BOBO le rannpháirtíocht fhiontraíoch le gníomhaireachtaí agus le fostóirí.	Beidh fostóirí agus printisigh cláraithe leis an gcóras printíseachtaí náisiúnta.	Beidh méadú 10% ar líon na ndaoine a chláraíonn le haghaidh printíseachtaí.	Tháinig méadú 4% ar líon na ndaoine a chláraigh le haghaidh printíseachtaí.	50%
		Cuirfidh an roinn Bhreisoideachais agus Breisoiliúna cúrsaí Scileanna le haghaidh Dul Chun Cinn (SDCC) agus Scileanna don Obair (SO) ar fáil.	Cuirfear rogha clár athbhreithnithe ar fáil d'fhoghlaimeoirí SDCC agus SO.	Beidh méadú 5% ar líon na bhfoghlaimeoirí.	Tháinig méadú 41% ar líon na bhfoghlaimeoirí in 2022 i gcomparáid le 2021.	100%

			Rachaidh an roinn Bhreisoideachas agus Breisoiliúna i ngleic le grúpaí oibre Aistriú Cóir.	Tacóidh an roinn Bhreisoideachais agus Breisoiliúna le grúpaí Aistriú Cóir agus cuirfidh siad a gcuid saineolais leo.	Ballraíocht ag roinn Bhreisoideachais agus Breisoiliúna in dhá ghrúpa oibre.	Lean ballraíocht BOBO den dá ghrúpa oibre ar aghaidh i rith na bliana le 8 gcruinniú ar siúl.	100%
			Rachaidh an roinn Bhreisoideachais agus Breisoiliúna i ngleic leis an bhFóram Réigiúnach Scileanna.	Tacóidh an roinn Bhreisoideachais agus Breisoiliúna leis an bhfóram agus cuirfidh siad a gcuid saineolais leis.	Beidh tús curtha le comhthionscnamh amháin, ar a laghad.	Seastán rathúil BOOLI a mhair 3 lá ag World Skills, le Táthú AR beo agus taispeántas priontála 3T ar an láthair.	100%
			Rachaidh an roinn Bhreisoideachais agus Breisoiliúna i ngleic leis an Roinn Coimirce Shóisialaí.	Tacóidh an roinn Bhreisoideachais agus Breisoiliúna le grúpa idirghníomhaireachta na Roinne Coimirce Sóisialaí/BOOLI agus cuirfidh siad a gcuid saineolais leis.	Óstálfaidh an roinn Bhreisoideachais agus Breisoiliúna 3 chruinniú fhoirmiúla in aghaidh na bliana, ar a laghad.	In 2022 bhí 3 chruinniú ann le comhghleacaithe RCS agus bhí siad seo ar siúl le ceann amháin ar líne agus 2 cheann ar an láthair. Tá an obair idirghníomhaireachta seo rithábhachtach do chomhoibriú agus soláthar ár seirbhísí d'fhoghlaimoirí atá ag iarraidh uasoiliúint a dhéanamh agus atá dífhostaithe.	100%
	Tosaíocht 5 BOOLI	Sprioc BOOLI	Gníomh ar son an Bhreisoideachais	Feidhmíocht an Bhreisoideachais	Sprioc an Bhreisoideachais agus	Sprioc 2022 Bainte Amach	%
	5. Inbhuanaitheacht Timpeallachta & Shóisialta a Fhorbairt	5.1 Cuspóirí náisiúnta a fhorbairt agus tacú lena mbaint amach mar is riachtanach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021.					
		5.2 Cláir oideachais agus oiliúna ábhartha a chur ar fáil chun freastal ar éilimh oideachais agus fostaíochta mar thoradh ar fhorbairt an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide	Clár Lean4Green: Clár Lean Skills for Sustainable Business a dheimhniú.	Clár a chur san áireamh mar chuid de sholáthar SDCC.	An clár a sheachadadh chuig 2 ghrúpa foghlaimoirí ar a laghad.	Tá dhá dhámhachtain shainchuspóireacha deimhnithe ag BOOLI laistigh den phróiseas faofa Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. Ghlac BOOLI páirt i bhforbairt na nithe seo a leanas: Teastas i bhFeasacht ar Inbhuanaitheacht Chomhshaoil 4S21809 agus Teastas in Inbhuanaitheacht Chomhshaoil san Ionad Oibre 5S21793, a seachadadh d'fhoghlaimoirí.	100%
		5.3 Foirgnimh reatha agus foirgnimh atá beartaithe a thabhairt suas go dtí na riachtanais inbhuanaitheachta éigeantacha					
		5.4 Inbhuanaitheacht chomhshaoil a mhéadú ar fud na heagraíochta trí phróiseas féinmheastóireachta chun eolas a mhéadú agus feasacht a fhorbairt maidir le torthaí a chur i ngníomh					
		5.5 Feasacht agus próisis soláthair ghlasa a fhorbairt.					
		5.6 Plean BOOLI a fhorbairt chun spriocanna nua 2030 a bhaint amach.					

Comhaontú Seachadadh Feidhmíochta 2022 Scoileanna, an Óige agus Music Generation

Tosaíocht 1 BOOLI	Sprioc BOOLI	Gníomh - Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Léiriú - Scoileanna, an Óige agus Music	Sprioc - Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Sprioc 2022 Bainte Amach	%
1. Eispéireas Múinteoireachta, Foghlama, Measúnachta, Forbartha agus Foghlaimeora ar ardchaighdeán a chur ar fáil.	1.1 Barr feabhais a chur ar eispéireas an fhoghlaimeora trí chultúr comhoibrithe a chur chun cinn ina dtugtar cluas éisteachta do ghuth na scoláirí, na bhfoghlaimeoirí, na foirne agus na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí agus ina gcuirtear an deis chun cinn le haghaidh a thabhairt ar an gcinnteoireacht laistigh de BOOLI.	Teagmháil a dhéanamh le gach scoil le clár ghuth an scoláire agus líonra ceannairí ghuth an scoláire a bhunú.	Cruinnithe le scoileanna chun dul i ngleic le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar ghuth an scoláirí agus chun ceannairí scoile a aithint.	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do cheannairí scoile le bheith ar siúl faoi dheireadh 2022.	Cruinnithe den Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta, a reáchtáiltear go seachtainiúil, áirítear athbhreithniú Straitéiseach, Oibríochtúil agus Beartais ar mhíreanna an chláir oibre. Fuair ceannairí scoile oiliúint ar an 20 Meitheamh. Rinneadh teagmháil le 85 duine óg i 7 ngrúpa fócais le haghaidh comhairliúcháin do Plean Oibre don Aos Óg nua.	100%
		Leanúint ag cruinniú le grúpa Comhairliúcháin Scoláirí BOOLI ar bhonn ráithiúil.	Cruinnithe ráithiúla beartaithe le reáchtáil.	Ionadaithe ar son na scoláirí ó gach scoil chun páirt a ghlacadh.	2 chruinniú de ghrúpaí Comhairliúcháin Scoláirí ar an 28 Deireadh Fómhair agus 20 Nollaig.	100%
		Athbhunaigh líonra tuismitheora nuair a cheadaítear é faoi phrótacail Covid.	Aithníodh tuismitheoirí chun dul i dteagmháil le BOOLI ag scoileanna.	An chéad chruinniú leis an líonra tuismitheoirí a óstáil.	Dírithe le tarlú i R1 2023.	N/A
		Oibriú le scoileanna chun cumainn tuismitheoirí a mhealladh chun comhoibriú le forbairt scoile.	Cur chuige BOOLI uile a fhorbairt chun tuismitheoirí a mhealladh.	Tá cumainn tuismitheoirí bunaithe ag scoileanna.	Tá cumainn tuismitheoirí bunaithe ag 7 scoil. Tá 1 scoil ag obair le fócasghrúpaí agus tuismitheoirí a mhealladh chun cumann tuismitheoirí a bhunú.	100%
		Leathnú ar phobail foghlama i measc múinteoirí i scoileanna BOOLI.	Critéir do phobail foghlama bunaithe.	3 phobal foghlama breise bunaithe in 2022.	2 chruinniú Riachtanais Oideachais Speisialta reáchtáilte - 12 Deireadh Fómhair & 30 Samhain, cruinniú DEIS tionóлта ar an 28 Meán Fómhair, Cruinnithe Folláine agus Treorach reáchtáilte ar an 20 Nollaig.	100%
		Music Generation chun gach Oideachasóir Ceoil a mhealladh leis na pleananna forbartha agus a saintreoir a fháil maidir le struchtúr ceachta.	Príomhoideachasóir Ceoil amháin a cheapadh in aghaidh an chláir. Struchtúr caighdeánach ceachta bunaithe.	Cruinniú le hOifigeach Forbartha Music Generation an Longfoirt agus le gach Príomhoideachasóir Ceoil sula dtosaíonn an painéal nua ceoltóirí ag múineadh.	Bhuail MDO le gach ME ceannasach agus ME gníomhach..	100%
		Oifigeach forbartha Music Generation an Longfoirt le fáiltiú roimh aiseolas ó mhúinteoirí agus ó thuismitheoirí trí shuirbhé deireadh téarma.	Foirm seolta amach trí ríomhphost chuig gach scoil agus gach tuismitheoir le scoláirí ó na moil cheoil ag deireadh théarma an earraigh/tsamhraidh.	Aiseolas deireadh téarma bailithe agus curtha i bhfeidhm don chéad téarma eile.	Rinneadh athbhreithnithe le foireann na scoile agus le soláthraithe seirbhíse óige. Glacadh le cláir chun aiseolas a léiriú.	100%
	1.2 Tacú le tionscnaimh a fhreastalaíonn ar riachtanais an chláir náisiúnta de réir mar a thagann siad chun cinn, rannpháirtíocht mhéadaithe, comhionannas agus ionchuimsiú a chur chun cinn.	A chinntiú go mbaineann gach scoil úsáid chuí as an maoiniú ón AE a bronnadh chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach tar éis Covid-19.	Plé a dhéanamh le Príomhoidí maidir le caiteachas cuí.	Caitear maoiniú go cuí faoi dheireadh na scoilbhliana.	Rinneadh an caiteachas go léir mar is cuí. Tabharfar aghaidh ar shonrais deiridh in Eanáir 2023.	100%
		Rachaidh Coistí Digiteacha na Scoileanna i ngleic le Straitéis Dhigiteach 2022-25 agus nuashonróidh siad a bpleananna digiteacha dá réir.	Pléigh é leis na príomhoidí ag fóram na bpríomhoidí. Déan athbhreithniú ar dhoiciméid nuair a eiseofar.	Scoileanna le hathbhreithniú a dhéanamh ar a bplean digiteach i dtreoir leis an gcáipéis.	Tugadh aghaidh ar an Straitéis Dhigiteach ar fhóram na bpríomhoidí. Cuireadh tús le próiseas athbhreithnithe i scoileanna ach tabharfar i gcrích é in 2023.	70%

		Leanfaidh 2 scoil phiolótacha orthu ag dul i ngleic leis an tionscadal mapála ionchuimsiú RSO.	Ceannairí scoile agus cóitseálaithe ionchuimsithe le leanúint le FGL.	Cóitseálaithe ionchuimsithe chun acmhainní a roinnt le scoileanna eile de chuid BOOLI.	Chuaigh cóitseálaithe ionchuimsithe MCC agus ACC i mbun FGL breise ar an 8 Feabhra, 13 Meán Fómhair, 18 Deireadh Fómhair & 15 Samhain. Bhí FGL do cheannairí scoile ag an dá scoil freisin.	100%
		Leanfaidh Stiúrthóir na Scoileanna ag dul i ngleic le BOOÉ agus le gníomhaireachtaí eile maidir le leasú na Sraithe Sinsearaí.	Rannpháirtíocht sa phróiseas athbheithnithe.	Cuirfidh Stiúrthóir na Scoileanna aighneachtaí i gcrích agus rachaidh sé i ngleic le BOOÉ maidir le saincheisteanna maidir le leasuithe.	Aighneacht curtha ar fáil ag Stiúrthóir na scoileanna & ceannairí scoile i LCC, TCL agus ACC.	20%
		Beidh Stiúrthóir na Scoileanna i gceannas ar rannpháirtíocht na scoile i dtionscnamh an Bhrait Bhuí.	Oiliúint tosaigh curtha ar fáil do cheannairí scoile.	Coistí brataí buí a bhunú ar fud scoileanna BOOLI.	Tá 2 scoil tar éis páirt a ghlacadh i dtionscnamh an Bhrait Bhuí. Níor cheadaigh na fadhbanna acmhainní a bhí ann le soláthraithe rannpháirteachas ar fud an BOO. Bhuail Stiúrthóir na Scoileanna le hIonad Éagsúlachta na hÉireann ar an 12 Nollaig mar rogha eile. Nuashonrú i R1 2023.	25%
		Bunófar grúpa straitéiseach tinrimh agus coinneála do scoileanna DEIS in BOOLI.	An grúpa straitéiseach a bhunú le hionadaithe ó scoileanna DEIS.	Acmhainní roinnte a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh agus ar choinneáil i scoileanna DEIS BOOLI.	Reáchtáladh an chéad chruinniú ar an 20 Meán Fómhair.	100%
		Leanfaidh Stiúrthóir na scoileanna air ag dul i ngleic le NEPS & CNOS chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na scoláirí ar fud an réigiúin.	Stiúrthóir na scoileanna le freastal ar chruinnithe le NEPS agus CNOS de réir mar is gá.	Easnamh soláthair i scoileanna BOOLI a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.	Chruinnigh Stiúrthóir le NCSE ar an 13/01 & 14/11 agus chuaigh sé i dteagmháil leo maidir le forbairtí ranga speisialta i BVS, ACC & MCC.	100%
		Music Generation an Longfoirt ag fairsingiú a gcuid moil ceoil ar an láthair chuig pobail ar fud an chontae, ag spreagadh rannpháirtíochta agus na moil a dhéanamh inrochtana chomh maith.	Réimse mol i bpobail ar fud an Longfoirt ar éasca teacht orthu agus ina bhfuil neart sliotáin ama ar fáil chun dul in oiriúint do scoileanna agus do theaghlaigh a bhíonn ag obair.	Bunaítear Moil Cheoil ar fud an chontae a oireann do Longfort Thuaidh, Longfort Theas agus Baile Longfoirt.	Tá Moil Cheoil bunaithe i nGránard, i nDroim Lis agus i mbaile Longfoirt.	100%
		Clár comhtháite Music Generation a fhorbairt do BOOLI.	Music Generation a mhéadú san larmhí.	Déan iniúchadh ar Music Generation na hIarmhí mar mhúnla contae aonair.	Éireoidh Music Generation na hIarmhí ina múnla chontae aonair ar an 1 Eanáir 2023.	100%
		UBU D’Áit Do Spás agus Scéimeanna Ionad Eolais don Aos Óg.	Soláthar seirbhísí breise oibre don aos óg (UBU) agus uilíoch (YIC) éifeachtacha, fianaisebhunaithe dírithe do dhaoine óga i sprioc-cheantair. Seachadadh 8 seirbhís mhaoinithe a threoraíonn an fhoireann.	Riarachán na Scéime á threorú ag an Oifigeach Óige.	Seachadadh 8 x tionscadal a threoraíonn an fhoireann.	100%
		An Scéim Deontas Club Óige Áitiúil 2022 (SDCOA)	Maoiniú a thabhairt do 20 -30 grúpa deonach don aos óg faoin scéim. Idirchaidreamh a dhéanamh le foireann Réigiúnach eagraíochtaí Náisiúnta Oibre don Aos Óg le glacadh forleathan na scéime a chinntiú.	Riarachán na Scéime á threorú ag an Oifigeach Óige.	Bronnadh maoiniú ar 31 x grúpa a threoraíonn oibrithe deonacha. Gach íocaíocht do 2022 próiseáilte.	100%

		Tionscnamh Spriocdhírithe Tacaíochta Infhostaitheachta don Aos Óg (TYESI).	1 tionscadal TYESI curtha ar fáil go rathúil i gcomhar leis an Eagraíocht Mhaoinithe.	Riarachán na Tionscnaimh á threorú ag an Oifigeach Óige.	Seachadadh 1 x Tionscadal TYESI. Gach íocaíocht do 2022 próiseáilte.	100%
		Tionscnamh Athléimneachta agus Éifeachtachta UBU 2022 (faoi réir maoinithe).	Uaireanta breise d'oibrithe óige i dtionscadal (i dtionscadail) rathúla mar thoradh ar mhaoiniú méadaithe.	Riarachán na Tionscnaimh á threorú ag an Oifigeach Óige.	Méadú ar fhoireann oibrithe óige agus uaireanta teagmhála díreacha in 2 thionscadal. Gach íocaíocht do 2022 próiseáilte.	100%
		Glac páirt i nGrúpaí Comhairleacha de chuid Thionscadail áitiúla don Aos Óg.	Cur le pleanáil seirbhísí, le seachadadh agus le meastóireacht ar thionscadail. Caidreamh oibre leanúnach idir BOOLI agus Eagraíochtaí Maoinithe. Feasacht maidir le haon bhearnaí nó saincheisteanna maidir le soláthar seirbhísí.	Freastal ar Ghrúpaí Comhairleacha/Stiúrtha de chuid Thionscadail áitiúla don Aos Óg.	D'fhreastail an tOifigeach Forbartha d’Obair don Aos Óg ar na cruinnithe seo a leanas: 3 x Cruinniú den ghrúpa comhairleach Thionscadal Bhaile Átha Luain de chuid Obair d'Ógra Éireann. 3 x Cruinniú den Ghrúpa Comhairleach do Thionscadal Gateway Bhaile Átha Luain.	100%
	1.3 Déanfaidh ionaid agus scoileanna cultúr a chur chun cinn agus a leabú ina dtugtar deis dár bhfoghlaimoirí agus scoláirí a barr a gcumais a bhaint amach.	Fairsingeoidh BOOLI an córas gradaim le haghaidh scoláirí atá ag cur a gcuid oideachais in iar-bhunscoil i gcrích.	Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras gradaim le príomhoidí scoile.	Searmanas gradam ar an láthair a óstáil i bhfómhar na bliana 2022.	Bhí searmanas bronnta leathnaithe BOOLI sceidealaithe don 15 Nollaig ach rinneadh athsceidealú air go R1 20223 mar gheall ar dhrochaimsir.	50%
		Déan athbhreithniú ar an gcóras scoláireachtaí reatha do scoláirí in BOOLI.	Athbhreithniú ar an struchtúr reatha le bheith críochnaithe.	Modhanna malartacha a aithint chun tuairisciú scoile a dhéanamh.	Ceadú tugtha chun scéim scoláireachtaí do scoláirí a leathnú chun cláir a bhaineann le TFC a bhfuil rochtain orthu i rith 2022 a chur san áireamh. 53 scoláireacht san iomlán a bronnadh in 2022.	100%
		Córas coimeádta taifid ar FGL le haghaidh múinteoirí ar fud BOOLI a cheapadh.	Stiúrthóir na Scoileanna le hoibriú le Príomhoidí Tánaisteacha na scoileanna chun teimpléad a fhorbairt chun taifead a dhéanamh ar FGL ar freastalaíodh air.	Teimpléad nuashonraithe le haghaidh taifid scoileanna agus BOO.	Aghaidh le tabhairt air i R1 2023.	0%
		FGL TFC le haghaidh Pobail Dhigiteacha i scoileanna a chur chun cinn chun a chinntiú go bhfuil rochtain suas chun dáta ag an scoláire ar fhorbairtí TFC.	Tuilleadh riachtanais FGL le haghaidh Ceannairí Digiteacha i scoileanna a shainaitheint.	Beidh fianaise den FGL le sonrú i pleananna digiteacha nuashonraithe na scoileanna.	Tugadh aghaidh ar an Straitéis Dhigiteach ag fóram na bpríomhoidí. Cuireadh tús le próiseas athbhreithnithe i scoileanna ach tabharfar i gcrích é in 2023.	50%
		Múineann moil tráthnóna Music Generation i ngrúpaí beaga chun a chinntiú go bhfaigheann gach foghlaimoir aird.	Bíonn scoláirí gafa leis agus ag forbairt ina gcleachtas.	Tá leibhéal taibhithe bainte amach ag scoláirí do cheolchoirmeacha samhraidh.	Ghlac scoláirí ó gach mol ceoil páirt i gceolchoirmeacha/fiseáin deireadh téarma ina bpobal áitiúil. Tháinig daoine óga i gclár bunscoile le chéile chun seinm le chéile.	100%
		Tá córas foghlama á fhorbairt ag Music Generation an Longfoirt i ngach pobal agus scoil agus mar sin téann foghlaimoirí ar aghaidh bliain ar bhliain ó ranganna ceoil Luathbhlianta, ag dul ar aghaidh chuig uirlisí agus iad ag dul suas sna blianta.	Téann scoláirí ar aghaidh lena n -oideachas ceoil agus iad ag dul ar aghaidh tríd an scoil.	Tá clár Luathbhlianta ag gach pobal in áis Luathbhlianta nó trí ranganna naíonán. Tá ceachtanna uirlisí éagsúla ag an scoil freisin sna ranganna níos sine ionas go rachaidh na scoláirí ar aghaidh.	Bealaí de dhul chun cinn bunaithe laistigh de bhunscoileanna ó theagasc luathbhlianta i seomraí ranga sóisearacha go teagasc uirlise i seomraí ranga sinsearacha. Naisc ó luathbhlianta i naíolanna chuig bunscoileanna i bpobal a bunaíodh le haghaidh leanúint ar aghaidh leis an gclár. Naisc bunaithe idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i gceantar áitiúil.	100%

		Tá fáil ar uirlisí ar cíós ar chostas íseal go díreach ó Music Generation an Longfoirt agus leabharlanna áitiúla a thugann deis d'fhoghlaimeoirí nach mbeadh in acmhainn uirlis a cheannach leanúint lena gcleachtas sa bhaile.	Bíonn réimse uirlisí ag leabharlanna pobail ar chostas cíosa inacmhainne.	Tá rochtain ag gach leabharlann i gContae an Longfoirt ar bhanc uirlisí.	Tá bainc uirlisí ag 2 leabharlann. 1 cheann eile le bunú in 2023.	70%	
	1.4	Tacú lenár n-ionaid agus scoileanna chun próisis féinmheastóireachta dearbhú caighdeáin a leabú ar fud sheirbhísí BOOLI.	Leanúint ag forbairt straitéisí FMS chun forbairt Príomhoidí Cúnta a chur san áireamh.	Stiúrthóir na Scoileanna le tacar acmhainní a chruthú chun forbairt na bPríomhoidí Cúnta i scoileanna a éascú.	Cruinnithe forbartha Príomhoidí Cúnta le reáchtáil le haghaidh Príomhoidí Cúnta 1 nuacheaptha.	Á fhorbhairt faoi láthair.	20%
		Oibriú le scoileanna DEIS i BOOLI chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bpleananna DEIS reatha.	Áireofar é seo i gcruinnithe fóram na bpríomhoidí.	Athbhreithniú agus nuashonrú déanta ar phleananna DEIS go bliantúil.	Áirítear é seo i gcruinnithe fóram na bpríomhoidí ar an 22 Lúnasa, 07 Deireadh Fómhair agus 09 Nollaig. Tháinig Pobal Cleachtais DEIS le chéile ar an 28 Meán Fómhair.	100%	
		Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an gComhordaitheoir Éitis i rannpháirteachas le scoileanna agus i rolladh amach an tionscadail phiolótaigh.	Áirítear é seo i gcruinnithe fóram na bpríomhoidí. An Comhordaitheoir le leanúint ar aghaidh ag freastal ar FGL.	Roinnfidh an scoil phiólótach an dul chun cinn le scoileanna eile. Faisnéis le tabhairt do gach Bord bainisteoireachta ar an tionscadal.	Áirítear é seo i ngach fóram na bpríomhoidí. Bunaíodh 2 scoil phiólótacha bhreise. Tá gach comhordaitheoir scoile tar éis cur i láthair a dhéanamh don fhoireann agus do na Boird Bhainistíochta. Tugadh faisnéis do bhord BOOLI i mí Eanáir 2022.	100%	
		Stiúrthóir na scoileanna le leanúint ar aghaidh ag tabhairt seirbhís do Ghrúpa Formhaoir seachta Caighdeáin.	Freastal ar chruinnithe de réir mar atá socraithe.	Freastal ar chruinnithe de réir mar atá socraithe.	D'fhreastail Stiúrthóir na Scoileanna ar chruinnithe QOG ar 25/5, 31/5, 16/6, 15/9, 20/10 & 8/12.	100%	
		Cruinnithe forbartha ráithiúla a óstáil le comhordaitheoirí Iar-Ardteistiméireachta.	Cruinnithe aonair a shocrú le príomhoidí scoile agus le comhordaitheoirí.	Réimsí atá le forbairt i soláthar Iar-Ardteistiméireachta a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.	Reáchtáladh comhchruinniú ar an 20/06 agus cruinnithe aonair ar an 06/12 agus 20/12.	75%	
		Lean Stiúrthóir na Scoileanna ar aghaidh ar ghrúpa stiúrtha tionscnaimh Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.	Freastal ar chruinnithe de réir mar atá socraithe.	Freastal ar chruinnithe de réir mar atá socraithe.	D'fhreastail Stiúrthóir na Scoileanna ar chruinnithe ar17/2, 08/3, 15/3, 15/4 agus ghlac siad páirt san athbhreithniú ar 25/4, 28/4 & 29/4. Reáchtáladh cruinniú athbhreithnithe ar an 07/12.	100%	
		Cinntíonn creat cáilíochta Music Generation go seachadtar ranganna ar chaighdeán ard agus déanann sé athbhreithniú ar rannpháirtíocht agus aiseolas na scoláirí.	Faigheann Oideachasóirí Ceoil FGL timpeall an chreata cáilíochta chun é a chur i bhfeidhm sna cláir éagsúla.	Déantar measúnú ar gach clár faoin gcreat cáilíochta.	Measúnú deireadh téarma ar gach clár a dhéantar trí bhreathnóireacht, cruinnithe foirne, aiseolas ó scoileanna/ionaid clár, tuismitheoirí, agus foghlaimeoirí. Athbhreithniú cáilíochta déanta ag MDO agus comhairleoir MG NDO an chlár iomláin agus athbhreithniú gearrthéarmach ar chlár uailéile bunscoile. Déanfar athbhreithniú ar théarma an gheimhridh i R1 2023.	100%	
	1.5	A chinntiú go dtugtar tús áite do shábháilteacht agus folláine gach scoláire agus foghlaimeora, go gcomhlíontar rialacháin agus treoirlínte go hiomlán, agus go léirítear Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí.	Oibriú le scoileanna chun pleananna folláine a fhorbairt i scoileanna.	Grúpa Folláine BOOLI a bhunú le haghaidh comhroinnt acmhainní.	Tá scoileanna chun pleananna folláine a athbhreithniú agus a fhorbairt.	Reáchtáladh an chéad chruinniú ar an 20/12.	20%
		Coistí Sláinte agus Sábháilteachta scoile a bhunú.	Coistí le bheith bunaithe i ngach scoil.	Coistí le bheith bunaithe i ngach scoil.	Tá oiliúint curtha i bhfeidhm chun tacú le forbairt choiste Sláinte agus Sábháilteachta.	40%	
		Stiúrthóir na scoileanna le leanúint ar aghaidh ag tabhairt seirbhís ar ghrúpa treorach Sláinte agus Sábháilteachta BOOLI.	Stiúrthóir na scoileanna le leanúint ar aghaidh ag tabhairt seirbhís ar ghrúpa stiúrtha Sláinte agus Sábháilteachta BOOLI.	Reáchtáiltear cruinnithe ar bhonn ráithiúil.	D'fhreastail Stiúrthóir na Scoileanna ar chruinnithe agus bhí sé ina chathaoirleach ar an 04/03/22, 27/05/22 & 02/09/22.	75%	

		Cur i gcrích na gClár Rioscaí ráithiúla le haghaidh Scoileanna, an Óige agus Ceol a chinntiú.	Stiúrthóir na Scoileanna le hathbhreithniú a dhéanamh ar Chláir Rioscaí le haghaidh Scoileanna, an Óige agus Ceol agus iad a bhailiú.	Gach Clár Rioscaí curtha i gcrích de réir mar a éilítear.	Clár Rioscaí curtha i gcrích do 2022.	100%
		A chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar gach Polasaí, Measúnú Riosca agus Ráiteas Cosanta Leanaí go bliantúil de réir mar a éilítear.	Nuashonraítear gach polasaí, ráiteas cosanta agus measúnú riosca ábhartha de réir mar a éilítear.	Comhlíonadh ó gach scoil.	Tá gach polasaí cothrom le dáta.	100%
		Oiliúint maidir le cosaint leanaí le cur ar gach Oideachasóir Ceoil nua de chuid Music Generation an Longfoirt sula rachaidh isteach i seomraí ranga agus moil.	Oiliúint maidir le cosaint leanaí le cur ar gach Oideachasóir Ceoil nua de chuid Music Generation an Longfoirt sula dtosóidh ag teagasc.	Oiliúint iomlán i dtaca le cosaint leanaí le bheith ar gach Oideachasóir Ceoil.	Tá oiliúint ar chosaint leanaí ag gach Oideachasóir Ceoil.	100%
		Tá pacáistí sláintíochta agus garchabhrach ag gach mol Music Generation.	Cinntíonn Oifigeach Riaracháin Music Generation an Longfoirt go mbíonn soláthairtí sláintíochta agus garchabhrach i stoc gach mol go rialta.	Tá soláthairtí garchabhrach agus sláintíochta ag gach mol ceoil.	Tá soláthairtí garchabhrach agus sláintíochta ag gach mol ceoil.	100%
		Tá na hEagraíochtaí Maoinithe (EManna) agus na grúpaí treoraithe ag oibrithe deonacha comhlíontach i dtaobh Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí	Cuireann EManna ráiteas comhlíontachta le Tús Áite do Leanaí ar fáil do BOOLI. Ráiteas Dearbhaithe na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige curtha ar fáil ó Eagraíochtaí Óige Náisiúnta le haghaidh gach grúpa agus club a mhaoiníonn BOOLI.	Ráitis Dearbhaithe curtha ar fáil go bliantúil do BOOLI i R2.	Tá Ráiteas Dearbhaithe faighte do gach grúpa agus club cleamhnaithe. Tá seiceálacha déanta ar ghrúpaí neamh-chleamhnaithe agus ar ghrúpaí nua.	100%
Tosaíocht 2 BOOLI	Sprioc BOOLI	Gníomh - Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Léiriú - Scoileanna, an Óige agus Music	Sprioc- Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Sprioc 2022 Bainte Amach	%
2. Infreastruchtúr a fheabhsú ar fud BOOLI.	2.1 Foirgnimh agus áiseanna a chothabháil, a fheabhsú agus a leathnú chun cóiríocht oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil don fhoireann agus d’fhoghlaimoirí.	Leanúint ag uasghrádú Foirgnimh scoile BOOLI. Dul i ngleic le hAonad Foirgneamh na Roinne Oideachais maidir le tionscadail fhaofa.	Stiúrthóir na Scoileanna le freastal ar chruinnithe forbartha le haghaidh tionscadail fhaofa.	Stiúrthóir na Scoileanna le freastal ar chruinnithe forbartha le haghaidh tionscadail fhaofa.	Chuaigh Stiúrthóir na Scoileanna i dteagmháil le haonad foirgneamh do gach tionscadal faofa i gcruinnithe ar an 11/01, 04/02, 11/02, 18/02, 07/04, 27/04, 13/05,17/06 10/08, 01/09, 12/10, 25/10, 28/10 & 17/11. Is ball é Stiúrthóir na Scoileanna den ghrúpa cumarsáide foirgneamh a tháinig le chéile ar an 20/06, 14/07, 14/09.	100%
		Tionscadail tógála cuí ar scála beag a aithint i scoileanna.	Cruinnithe le príomhoidí scoile maidir le tionscadail atá beartaithe.	Tionscadail inmharthana scoile ar scála beag a aithint agus a sheachadadh.	Rinneadh iniúchadh fuinnimh i 6 scoil agus tá tionscadail sainaitheanta sa tuarascáil don aonad foirgneamh le dul chun cinn a dhéanamh. Úsáideadh maoiniú feabhsaithe mionoibreacha Covid i 7 scoil chun tacú le hoideachas lasmuigh.	100%
		Caiteachas cuí an chiste feabhsaithe mionoibreacha Covid do scoileanna a chinntiú.	Innealtóirí a sholáthar chun anailís riachtanas a dhéanamh i ngach scoil. Cruinniú le príomhoidí scoile maidir le caiteachas atá beartaithe.	Caiteachas cuí maoinithe faoi dheireadh na bliana acadúla.	Gach caiteachas sainaitheanta agus ordaithe. Tá na sonraisc deiridh ar feitheamh.	100%

		Meaisíní agus trealamh speisialaithe i scoileanna ar gá seirbhísíú a dhéanamh orthu agus/nó iad a athsholáthar a shainaithint.	Measúnaithe Rioscaí a rinneadh le scoileanna a phlé le riachtanais a shainaithint.	Liostáil agus cuir tús leis an bpróiseas a bhaineann le hinnealra a sheirbhísíú/a athsholáthar.	Cuireadh tairiscint i bhfeidhm in 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chothabháil trealaimh.	80/100%	
		Athbhreithniú a dhéanamh ar spás stórála le haghaidh trealamh School of Rock de chuid Music Generation Longfoirt agus a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach dá riachtanais.	Athbhreithniú a dhéanamh ar an spás stórála reatha le meas a dhéanamh an bhfuil sé oiriúnach don fheidhm agus seilfeanna a ordú don spás atá ann cheana nó bogadh chuig spás nua más cuí.	Spás stórála buan, imleor a bheith ann a bhfuil rochtain ag Oideachasóirí Ceoil School of Rock air ar an Satharn.	Aghaidh le tabhairt air i R1 2023.	40%	
		Scéim Mhaoinithe Caipitil don Aos Óg a riar (faoi réir an mhaoinithe a bhíonn ar fáil).	Áiseanna agus acmhainní feabhsaithe le haghaidh clár agus seirbhísí oibre don aos óg.	Maoiniú caipitil curtha ar fáil d’eagraíochtaí maoinithe incháilithe agus do ghrúpaí agus clubanna a threoraíonn oibrithe deonacha.	Bronnadh maoiniú ar 20 x grúpa a threoraíonn oibrithe deonacha agus 3 x tionscadal a threoraíonn an fhoireann. Bronnadh maoiniú ar 3 x tionscadal a threoraíonn an fhoireann faoin Scéim Miondeontas 2023 (Tionscnamh Nua) Gach íocaíocht do 2022 próiseáilte.	100%	
	2.2	Iniúchadh a dhéanamh ar leathnú seirbhísí BOOLI chun Pobalscoileanna Náisiúnta agus Coláistí Breisoideachais agus Breisoiliúna na Todhchaí a chur san áireamh.	An tsamhail CNS a chur chun cinn trí chur i láthair agus nuashonruithe ar ardáin meán sóisialta BOOLI.	An tsamhail CNS a chur i láthair bhord BOOLI agus bunscoileanna áitiúla de réir mar a iarrtar. Suíomh gréasáin BOOLI a nuashonrú de réir mar is gá.	Feasacht mhéadaithe ar shamhail CNS. Cur i láthair do Bhord BOOLI in Eanáir 2022. Tugtha faoin bpróiseas athchumraithe le 1 CNS féideartha ar an 06/10. Ag feitheamh le toradh.	100%	
		Dul i ngleic leis na scoileanna ábhartha mar chuid den scéim athchumraithe phiolótach a d’fhógair an Aire i gcomhaontú leis an IEC le haghaidh scoileanna faoi phátrúnacht Easpaig Chaitliceacha, nó le pátrúin eile atá ag machnamh ar phátrúnacht a aistriú.	Líon na scoileanna / bpátrúnachtaí atá toilteanach dídhílsiú a phlé.	1 scoil le plé le haghaidh dídhílsithe.	Páirteach sa phróiseas athchumraithe agus anois ar an bPátrún rathúil sa chomórtas CNS a reáchtáil an Roinn Oideachais i mí na Samhna 2022.	100%	
		Leis an leathnú is déanaí ar phainéal Oideachasóirí Ceoil Music Generation is féidir le Music Generation na ceachtanna a leathnú chuig níos mó scoileanna ar fud an chontae.	Lá ionduchtúcháin do phainéal nua Oideachasóirí Ceoil leo a chur ar an eolas faoi na cláir.	Oideachasóirí Ceoil a bhfuil cur amach acu ar struchtúir cheachta chaighdeánaithe, oiliúint um chosaint leanaí acu agus réidh le múineadh i moil agus ar chláir scoile.	Lá ionduchtúcháin arna éascú ag Oifigeach Forbartha Music Generation. Oiliúint bhreise ag teastáil i R1 2023.	80%	
	2.3	Bonneagar TFC a chur i bhfeidhm agus a leathnú chun tacú le córais rialachais, córais Chosanta Sonraí, leanúnachas gnó agus bainistíocht riosca.	Riachtanais infreastruchtúir TFC a shainaithint agus dul i ngleic leo ar fud scoileanna BOOLI.	Cruinniú le ceannairí scoile chun liosta a dhéanamh d’fhorbairtí infreastruchtúir féideartha.	Bonneagar TFC feabhsaithe ar fud scoileanna BOOLI ar fad.	€183K ar fud na scoileanna uile caite ar threalamh TFC. €213K caite ar an Deighilt Dhigiteach TFC.	100%
		Oiliúint leanúnach i dtaca le cosaint sonraí a chur ar fáil le haghaidh ceannairí scoile.	Idirchaidreamh a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí BOOLI chun riachtanais oiliúna a shainaithint. Oiliúint a éascú de réir mar is gá.	Ceannairí scoile a choinneáil cothrom le dáta maidir le riachtanais chosanta sonraí.	Críochnaíodh na hiniúchtaí scoile agus tuairiscíodh iad do phríomhoidí scoile agus don Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta. Aithníodh réimsí le haghaidh feabhsúcháin. Cuireadh ríomhoiliúint ar fáil do gach ball foirne, tá a thuilleadh oiliúna á forbairt faoi láthair.	100%	
		A chinntiú go gcaomhnaíonn na scoileanna córais leanúnachais agus pleananna teagmhais trí Choistí Digiteacha.	San áireamh sna pleananna digiteacha.	Córais leanúnachais suas chun dáta sna scoileanna.	Tá uasghrádú déanta ar bhallaí dóiteáin uile na scoile. Is féidir le gach rang filleadh ar Teams más gá sa chás go ndúnfar scoileanna nach bhfuil aon choinne leis.	100%	

	2.4	Córais chuí faisnéise agus tuairiscithe bainistíochta a fhorbairt ar fud BOOLI.	Córais faisnéise agus tuairiscithe a bhunú agus a chothabháil chun maoiniú deontais ar leith a chaitheamh.	Meicníochta tuairiscithe a fhorbairt do mhaoiniú deighilte digití AE mar scéim phiolótach.	Leanúint ar aghaidh le córas tuairiscithe éifeachtach agus éifeachtúil.	D'fhorbair agus d'úsáid gach scoil teimpléid um dheighilt dhigiteach agus mionoibreacha feabhsaithe chun maoiniú faoi seach a chaitheamh.	100%
			Leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar úsáid uaireanta CKASS agus ionadú éigeandála agus úsáid á baint as an uirlis tuairiscithe ginte.	Stiúrthóir na scoileanna le tuairiscí a fháil ó Phríomhoidí Tánaisteacha na scoileanna go míosúil.	Loga den úsáid á choimeád ar cháipéis amháin lena chur i gcomparáid le taifid Acmhainní Daonna.	Tuairiscíodh úsáid uile uair an chloig Class do Stiúrthóir na scoileanna trí scarbhileog fhorbartha. Éilíodh an t-ionadú éigeandála go léir i mí Feabhra agus i mí an Mheithimh.	100%
			Tuairiscí Airgeadais le heisiúint chuig scoileanna ar bhonn míosúil agus athbhreithniú le déanamh orthu le Stiúrthóir na Scoileanna de réir mar éilítear.	Cruinnithe idir Príomhoidí na scoileanna agus Stiúrthóir na Scoileanna.	Maoirseacht ar chaiteachas scoile.	Reáchtáladh oiliúint agus athbhreithniú airgeadais scoile aonair do gach scoil. Pléitear cúrsaí airgeadais le ceannairí scoile ar bhonn míosúil tar éis nuashonruithe a bheith eisithe.	100%
			Leithdháileadh foirne curtha ar fáil do scoileanna agus athbhreithniú á dhéanamh ar liostaí foirne go rialta le scoileanna.	Athbhreithniú déanta ar an leithdháileadh a cuireadh ar fáil do scoileanna aonair san earrach agus achomhairc déanta nuair is gá. Déantar athbhreithniú ar liostaí foirne ag cruinnithe gach coicís idir Stiúrthóir na Scoileanna agus foireann earcaíochta BOOLI. Déantar plé air ag cruinnithe príomhoidí agus Stiúrthóir na Scoileanna chomh maith.	Leithdháileadh chuig scoileanna i R2 i gcomhair pleanáil chuí le haghaidh bliain acadúil 2022/23.	Leithdháiltí tosaigh curtha ar fáil do gach príomhoide scoile i mí na Bealtaine. Ganntanais sa churaclaim aitheanta agus iarratais ullmhaithe agus curtha isteach. Leithdháileadh deiridh curtha ar fáil i mí an Mheithimh. Déantar iarratas ar U-EAL breise ar bhonn leanúnach. Déantar plé ar leithdháileadh ag cruinnithe gach coicís idir Stiúrthóir na Scoileanna agus an fhoireann earcaíochta. Cuireadh rollú réamh-mheasta agus leithdháiltí ranga speisialta leis i mí Mheán Fómhair 2022.	100%
	2.5	Córais agus struchtúir éifeachtacha Sláinte agus Sábháilteachta a athbhreithniú agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta.	Athbhreithniú a dhéanamh ar Shláinte & Sábháilteacht reatha i scoileanna ar fud BOOLI.	Seicliosta an tsoláthair reatha Sláinte & Sábháilteachta i scoileanna le cur le chéile ag BOOLI agus le comhlánú ag scoileanna.	Athbhreithniú seicliosta críochnaithe ar an soláthar reatha.	Coiste Sláinte & Sábháilteachta bunaithe in 2022. Cathaoirleach Stiúrthóir na Scoileanna. Aithníodh gníomhaíochtaí nithiúla agus cuireadh oiliúint ar fáil. Déanfar na struchtúir seo a leabú le himeacht ama.	50%
			Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar ardáin an Chláir Rioscaí le haghaidh ceannairí scoile.	Stiúrthóir na Scoileanna le bualadh le foireann HO chun athbhreithniú a dhéanamh ar chláir rioscaí 2021 agus chun cláir rioscaí 2022 a ghiniúint le haghaidh árachas ar scoileanna, an óige agus ceol.	Cláir rioscaí suas chun dáta bunaithe.	Cláir riosca athbhreithnithe agus eisithe do scoileanna, an óige agus ceol.	100%
			Oiliúint chuí a chur ar fáil nuair is gá.	Stiúrthóir na Scoileanna le cruinniú le príomhoidí na scoileanna chun plé a dhéanamh ar an ardán a úsáidtear.	Cur i gcrích cuí na gclár rioscaí.	Reáchtáladh cruinnithe scoile aonair ar an 29, 30 & 31 Márta chun plé a dhéanamh ar ábhar a chur ar na cláir rioscaí.	100%

Tosaíocht 3 BOOLI	Sprioc BOOLI	Gníomh - Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Léiriú - Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Sprioc- Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Sprioc 2022 Bainte Amach	%
3. Tacaíocht & Forbairt Eagraíochtúil a Fheabhsú	3.1 Dea-chleachtais rialachais a leabú ar fud BOOLI de réir Chód Rialachais BOO, na reachtaíochta reatha agus cloí le riachtanais tuairiscithe chuig ranna rialtais ábhartha.	A chinntiú go bhfuil oiliúint an Bhoird Bainistíochta ag dul ar aghaidh ar bhonn leanúnach i scoileanna	Riachtanais oiliúna bhreise a shainaithint le haghaidh na mBord bainistíochta.	Forbairt leanúnach ar chumas bainistíochta an Bhoird	Mír rialta ag cruinnithe fóram na bPríomhoidí. Cur i láthair maidir le cosaint leanaí, frithbhulaíocht, teagasc agus foghlaim agus cuireadh ar fáil iad do phríomhoidí lena n-úsáid ag cruinnithe Boird Bhainistíochta.	100%
		A chinntiú go dtugtar Tuarascálacha Maoirseachta um Chosaint Leanaí le haghaidh gach Cruinniú Bord Bainistíochta.	Taifead le déanamh ag scoileanna ar thuairiscí ag gach cruinniú Bord Bainistíochta i dtreoir leis na cleachtais tuairiscithe riachtanacha.	Tuarascálacha Maoirseachta um Chosaint Leanaí tugtha ag gach cruinniú boird déanta ar an láthair.	Cuirtear gach miontuairisc Bord Bainistíochta ar aghaidh chuig Stiúrthóir na Scoileanna agus cuirtear CPOR san áireamh i ngach cruinniú ginearálta Bord Bainistíochta.	100%
		A chinntiú go ndéantar athbhreithniú agus forbairt ar pholasaithe de réir mar is gá.	Stiúrthóir na Scoileanna le liosta polasaithe riachtanacha a chruthú le go ndéanadh scoileanna agus boird bhainistíochta forbairt agus athbhreithniú orthu.	Taifead um fhorbairt agus athbhreithniú beartais le haghaidh scoileanna.	Á fhorbhairt faoi láthair.	40%
		Socruithe Rialachais agus Formhaoirseachta BOOLI le hEagraíochtaí Maoinithe a chur i bhfeidhm.	Tuairiscí Soláthair Seirbhíse míosúla (12) a eisiúint agus a chnuasach x 8 dtionscadal. Athbhreithniú a dhéanamh ar sheicliosta agus ar cháipéisí bliantúla agus ar dhearbhaithe de chuid Eagraíochtaí Maoinithe (EManna) x 5. Bainistiú a dhéanamh ar athbhreithniú agus ar iontráil Cuntais Iniúchta chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige x 5 EM	Comhaontú seirbhíse agus meicníochtaí tuairiscithe a bhaineann leo a chur i bhfeidhm x 5 Eagraíocht Maoinithe (EManna).	12 x suirbhé/tuarascáil ar sholáthar seirbhíse míosúil curtha le chéile x 8 dtionscadal. 5 x Seicliosta Rialachais Eagraíochtaí Maoinithe athbhreithnithe agus nuashonraithe. 5 x gCuntas Iniúchta Eagraíochtaí Maoinithe athbhreithnithe agus curtha faoi bhráid DCEDIY Tuairiscí curtha ar fáil do DCEDIY maidir le LADTA+ agus do Scéimeanna Deontais COVID 19 2021 7 x gCúairt fhíoraithe ar thionscadail a threoraíonn an fhoireann Comhlíonadh iomlán le hiniúchadh C&AG.	100%

		Creat Rannpháirtíochta Feidhmíochta agus Formhaoirseachta (CRFF) UBU D’Áit Do Spás de chuid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a chur i bhfeidhm.	Dearbhú leithdháileadh maoinithe x 8 dtionscadal. Athbhreithniú a dhéanamh ar Thuairiscí Airgeadais Ráithiúil x 8 dtionscadal UBU & iad a leagan isteach chuig DCEDIY Íocaíocht Ráithiúil a phróiseáil x 8 dtionscadal. 3x Chruinniú Athbhreithnithe maidir le Pleanáil agus Dul chun Cinn a reáchtáil x 8 dtionscadal. Próiseas bliantúil tuairiscithe agus athnuachana maoinithe a bhainistiú x 8 dtionscadal.	CRFF UBU a chur i bhfeidhm x 8 dtionscadal.	8 x 2022 leithdháileadh maoinithe eisithe. 4 x dTuairisc Airgeadais Ráithiúil athbhreithnithe agus curtha faoi bhráid DCEDIY x 8 dtionscadal. 4x n-íocaíocht Ráithiúil a próiseáilte agus íoctha x 8 dtionscadal. 3x Chruinniú Athbhreithnithe maidir le Pleanáil agus Dul chun Cinn a reáchtáil x 8 dtionscadal curtha i gcrích. 8 x Tuarascáil Bhliantúil 2021 curtha faoi bhráid DCEDIY . 8 x dTuarascáil Bhliantúil 2023 curtha faoi bhráid DCEDIY .	100%
	3.2 Deiseanna forbartha foirne a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi dhea-chleachtas agus chun soláthar seirbhísí dinimiciúla, éagsúla, nuálacha a chumasú.	Braislí forbartha ábhair breise a bhunú.	Critéir le haghaidh braislí forbartha ábhair sainaitheanta agus cruinnithe reáchtáilte.	Acmhainn agus pleanáil a roinnt ar fud BOOLI.	Cnuasghrúpaí ábhair forbartha don Teagasc agus don Fhoghlaim, pleanáil DEIS, Folláine, Treoir agus RSO.	100%
		Leanúint ar aghaidh le grúpaí forbartha BOOLI i dtaca le RSO, Pleanáil Ábhair agus Treoir.	Cruinnithe le grúpaí aitheanta.	Comhroinnt agus pleanáil fheabhsaithe acmhainní ar fud BOOLI.	Grúpaí aitheanta bunaithe agus acmhainn roinnte Team cruthaithe i dtaca le RSO, Teagasc & Foghlaim.	70%
		A bheith rannpháirteach sa chlár Take 1 le BOOÉ. Ceannródaithe scoile a aithint le haghaidh an tionscadail.	Ceannairí scoile le dul i ngleic le hoiliúint le BOOÉ. Ceannródaithe scoile le bualadh le Stiúrthóir na Scoileanna.	Scoileanna le páirt a ghlacadh in imeacht May Day agus seachtain Take 1 i mí na Samhna.	Fuair gach scoil oiliúint agus ghlac siad páirt sa chlár Take 1.	100%
		Tacaíocht a thabhairt do scoileanna atá ag dul i ngleic le tionscadail Erasmus.	Tacaíocht Scoile le hoibriú le scoileanna i dtaca le maoiniú agus pleanáil.	Glacann scoileanna páirt rathúil sa chlár.	Ghlac 2 scoil páirt i dturais chun na Danmhairge agus na Fionlainne. Turais bhreise beartaithe do 2023 mar chuid dá dtionscadail faoi seach.	80%
		Tacaíonn Music Generation an Longfoirt le gach ball foirne i dtaca le forbairt ghairmiúil leanúnach atá ábhartha dá ról.	Freastalaíonn Oideachasóirí Ceoil ar cheardlanna ar bhonn rialta chun cur lena gcuid scileanna agus iad a fheabhsú.	Is féidir le Music Generation an Longfoirt cláir a fhorbairt a thuilleadh.	Thug oideachasóirí ceoil faoi FGL sna réimsí seo a leanas: drumadóireacht Samba agus Djembe, oiliúint Dalcroze agus bainistíocht Seomra Ranga.	100%

		Beidh laethanta ionductaithe á reáchtáil ag Music Generation an Longfoirt d'Oideachasóirí Ceoil nua.	Lá Ionductúcháin chun painéal nua d'oideachasóirí a chur ar eolas faoi na cláir agus a bpríomhcheoltóirí.	Lá Ionductúcháin beartaithe do mhí Aibreáin roimh phleananna clár an tsamhraidh.	Tá gach Oideachasóir Ceoil cothrom le dáta maidir le beartais, nósanna imeachta agus próisis BOOLI, rud a chuireann ar a gcumas tosú ag múineadh ó R3.	100%	
		Tá Music Generation an Longfoirt chun tacú le FGL idir Oideachasóirí Ceoil nua agus Oideachasóirí Ceoil atá ann cheana féin chun dea-chleachtas a spreagadh.	Oideachasóirí Nua Ceoil ag leanúint Oideachasóirí Ceoil i scoileanna agus i moil.	Tá an leanúint le bheith ar siúl i dtéarma an Earraigh/an tSamhraidh le hOideachasóirí Ceoil nua a ullmhú do chláir samhraidh agus socrúcháin scoile Mheán Fómhair.	Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais FGL oideachasóirí ceoil, shainaithin an fhoireann oideachasóirí a raibh taithí acu ar scáthú le linn R2.	100%	
	3.3	Foireann oilte ardchaighdeáin a mhealladh agus a choinneáil agus struchtúr a leabú chun freastal ar phatrúin oibre atá ag teacht chun cinn.	Oibriú le scoileanna le hathbhreithnithe curaclaim a dhéanamh.	Stiúrthóir na Scoileanna le bualadh le príomhoidí na scoileanna chun riachtanais churaclaim a shainaithint le haghaidh 2022/23.	Beidh riachtanas foirne ag scoileanna chun curaclaim a sheachadadh.	Rinneadh athbhreithnithe curaclaim do gach scoil. Líonadh easnaimh maidir le soláthar curaclaim trí leithdháileadh méadaithe ar dtús agus níorbh fhéidir soláthar foirne ó leithdháiltí a dhéanamh mar gheall ar lamháltais churaclaim.	80%
		Riachtanais foirne le haghaidh na bliana acadúla 22/23 a shainaithint ar fud BOOLI.	Stiúrthóir na Scoileanna le cruinniú le príomhoidí na scoileanna chun riachtanais teagaisc a shainaithint le haghaidh 2022/23 agus idirchaidreamh a dhéanamh le foireann earcaíochta BOOLI chun daoine a earcú de réir mar is gá.	Beidh riachtanas foirne ag scoileanna chun curaclaim a sheachadadh.	Bhuail Stiúrthóir na scoileanna le gach foireann ceannaireachta scoile chun riachtanais foirne a aithint don bhliain acadúil 22/23. Tá 3 chéim earcaíochta éagsúla déanta do phoist mhúinteoireachta nua agus 2 do Chúntóirí Riachtanas Speisialta. Tá earcaíocht le haghaidh folúntas a bhaineann le saoire ar siúl.	80%	
		Tá Music Generation an Longfoirt chun Oideachasóirí Ceoil a bhfuil taithí acu a earcú chun leanúint ar aghaidh ag leathnú an ard-chaighdeáin oideachais ceoil sa Longfort.	Ceoltóirí a bhfuil taithí acu a earcú.	Ceoltóirí a bhfuil taithí acu a earcú.	D'éirigh le MENna nua tosú ag múineadh ar chláir i Ráithe 3, mar thoradh ar earcaíocht a rinneadh i Ráithe 1.	100%	
	3.4	Scileanna cumais ceannaireachta ar fud na heagraíochta.	Clár meantóireachta a bhunú do phríomhoidí cúnta nuacheaptha.	Aithníodh meantóirí do cheannairí láir chun tacú le Príomhoidí Cúnta ina ról nua.	Forbairt acmhainne do cheannairí láir i scoileanna.	Le bheith curtha chun cinn in 2023. Comhdháil: Ceannaireacht a Fhorbairt – D'fhreastail gach ceannaire sinsearach ar an gcéad chomhdháil ceannaireachta sinsearaí tras-eagraíochtúil riamh i mí na Samhna 2022.	50%
		Dul i ngleic le scoil samhraidh BOOÉ le haghaidh meán-cheannairí.	BOOLI le dul i ngleic le scoil samhraidh i mí an Mheithimh.	Forbairt acmhainne do cheannairí láir i scoileanna.	Bhí Stiúrthóir na Scoileanna ina bhall den choiste eagraithe don scoil samhraidh. Bhí 8 gceannaire láir ó BOOLI i láthair.	100%	
		A chinntiú go gcuirtear an deis ar fáil do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Tánaisteacha freastal ar oiliúint BOOÉ de réir mar a thagann sí chun cinn.	Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha le freastal ar FGL i mí Feabhra agus Bealtaine. Freastalaíonn príomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha nuacheaptha ar oiliúint i mí Mheán Fómhair chomh maith.	FGL do cheannairí scoile.	Tugadh cuireadh do gach príomhoide agus leas-phríomhoide freastal ar chomhdháil ar líne i mí Feabhra. Rinneadh ionadaíocht do gach scoil. Tugadh cuireadh do gach príomhoide agus leas-phríomhoide freastal ar chomhdháil bhliantúil BOOÉ ar an 04/05. Rinneadh ionadaíocht ar 7 scoil. Cuireadh curtha chuig gach príomhoide agus leas-phríomhoide teacht chuig comhdháil BOOÉ i mí Eanáir 2023.	100%	
		Music Generation an Longfoirt le spreagadh a thabhairt do Phríomhoideachasóirí Ceoil úinéireacht a ghlacadh ar a moil cheoil agus tacaíocht riaracháin agus forbartha leanúnach a chur ar fáil.	Ceapachán Oideachasóirí Ceoil a bhfuil taithí acu chun comhordú a dhéanamh i dteannta an Oifigigh Forbartha Ceoil maidir le hamchlár agus tinreamh an mhoil.	Beidh Comhordaitheoir Oideachasóir Ceoil amháin nó beirt ag gach Mol Ceoil.	Cuirtear beirt Oideachasóirí Ceoil ar bun le comhordú a dhéanamh in dhá mhol ceoil.	100%	

	3.5 Tacú le folláine na heagraíochta	Oibriú le scoileanna chun pleananna Folláine a fhorbairt.	Stiúrthóir na Scoileanna le bualadh le comhordaitheoirí folláine chun athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar phleananna folláine.	Beidh pleananna folláine suas chun dáta ag scoileanna.	Grúpa bunaithe. Reáchtáladh an chéad chruinniú ar 20/12.	80%
		Teagmháil a chothú idir Ceannairí Sinsearach i scoileanna le héascaitheoir seachtrach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais folláine.	Leanúint ar aghaidh le cruinnithe folláine de réir mar is gá.	Ceannairí scoile le dul i dteagmháil leis an éascaitheoir.	Díreofar air in 2023.	%
		Music Generation le laethanta forbartha gairmiúla d'Oideachasóirí Ceoil a reáchtáil a thacaíonn le meanma na foirne.	Ceardlanna rialta a reáchtáil le go dtiocfadh an fhoireann ar fad le chéile a d'fhéadfaí a dhéanamh go haonar nó i ngrúpaí.	Go leor ceardlanna i rith na bliana chun cur leis an spiorad 'ag obair mar chuid d'fhoireann níos leithne '.	Ghlac oideoirí ceoil páirt sna ceardlanna seo a leanas: drumadóireacht Samba agus Djembe, traenáil Dalcroze, Cruinnithe foirne le NDO Music Generation ag fiosrú dul chun cinn an chláir, Ollseisiún Ceoil Chruinniú Na nÓg agus Imeacht Lae 'Bain triail as uirlis' i Leabharlann Bhaile Uí Mhatháin.	100%
	3.6 Straitéis chumarsáide inmheánaí a chur i bhfeidhm.	Straitéis chumarsáide inmheánaí BOOLI a fhorbairt.	Stiúrthóir na scoileanna le hoibriú leis an bhfoireann Soláthar Bogearraí ar Líne chun straitéis chumarsáide inmheánaí a fhorbairt.	Forbairt na straitéise a chur chun cinn.	Tugtha ar aghaidh chuig 2023.	%
	3.7 Cleachtais éifeachtacha rialachais, bainistíochta rioscaí, comhlíontacht agus cuntasachta a chinntiú agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta.	Stiúrthóir na scoileanna le cruinnithe rialta a reáchtáil le Ceannairí Scoile Sinsearacha.	Cruinnithe míosúla a reáchtáil le ceannairí scoile.	Coinníodh príomhoidí cothrom le dáta maidir le forbairtí.	Bhí fóram na bpríomhoidí ar siúl ar an 04/02, 15/03, 04&05/05, 20/06, 22/08, 07/10 & 09/12 Bunaíodh cruinnithe nasctha seachtainiúil do mhaidin Dé hAoine do Phríomhoidí agus Príomhoidí Cúnta. Comhdháil na gceannairí ar siúl ar an 10/11.	90%
		A chinntiú go bhfuil oiliúint an Bhoird Bainistíochta ag dul ar aghaidh ar bhonn leanúnach i scoileanna.	Riachtanais oiliúna bhreise a shainaithint le haghaidh na mBord bainistíochta.	Forbairt leanúnach ar acmhainn bainistíochta an Bhoird trí nuashonruithe rialta a sheachadadh.	Mír rialta ag cruinnithe fóram na bPríomhoidí. Cur i láthair maidir le cosaint leanaí, frithbhulaíocht, teagasc agus foghlaim agus cuireadh iad ar fáil do phríomhoidí lena n-úsáid ag cruinnithe Boird Bhainistíochta.	100%
		A chinntiú go nuashonraítear na Cláir Rioscaí de réir mar is gá.	Stiúrthóir na Scoil. le hathbhreithniú a dhéanamh ar chláir rioscaí scoile, óige agu -s ceoil go ráithiúil agus iad a chur i dtoll	Cláir rioscaí suas chun dáta.	Clár Rioscaí curtha i gcrích do 2022.	100%
		A chinntiú go gcuirtear gach tuairisceán roinne i gcrích de réir mar is gá.	Stiúrthóir na scoileanna le cnuasach a dhéanamh de thuairisceáin Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair i dteannta na roinne Acmhainní Daonna in BOOLI.	Gach tuairisceán de chuid na Roinne Oideachais curtha i gcrích de réir mar a bhí socraithe.	Gach tuairisceán Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair curtha i gcrích agus seolta ar ais. Gach iarratas ar lámháltas curaclaim comhlánaithe agus curtha ar ais. Na foirm Corpoideachais ar fad comhlánaithe agus seolta ar ais. Úsáid foirne curtha i gcrích agus seolta ar ais.	100%
		Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar Mheasúnú Rioscaí an Aonaid Oibre don Aos Óg.	Sainaithint, monatóireacht agus athbhreithniú na Rioscaí a bhaineann go sonrach leis an bhfeidhm Obair don Aos Óg.	Nuashonrú ar Mheasúnú Rioscaí don fheidhm Obair don Aos Óg agus ionchuimsiú i gClár Rioscaí BOOLI.	Clár Rioscaí curtha i gcrích do 2022.	100%
		Córais agus nósanna imeachta éifeachtacha a chur i bhfeidhm le haghaidh rialachas agus riaradh maoiniú Obair Óige.	Na hEagraíochtaí Maoinithe (EManna) ag cloí le Nósanna Imeachta BOOLI. Laghdú ar an ualach riaracháin le haghaidh EManna agus BOOLI.	Athbhreithniú leanúnach ar Nósanna Imeachta le haghaidh feabhsúcháin agus éifeachtúlacht mhéadaithe.	Nósanna Imeachta Riaracháin agus Rialachais curtha i bhfeidhm le hEagraíochtaí Maoinithe x 5. Doiciméad mionsonraithe maidir le Nósanna Imeachta SDCOA forbartha. 10% d'athbhreithniú samplach ar chaiteachas curtha i gcrích do scéimeanna maoinithe a threoraíonn oibrithe deonacha 2021.	100%

	Tosaíocht 4 BOOLI	Sprioc BOOLI	Gníomh - Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Léiriú - Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Sprioc- Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Sprioc 2022 Bainte Amach	%
	4. Comhpháirtíochtaí a Shaibhriú	4.1 Branda BOOLI a chur chun cinn agus próifíl áitiúil agus náisiúnta na seirbhísí go léir ar fud BOOLI a ardú.	Úsáid ardáin meán sóisialta BOOLI a chur chun cinn san eagraíocht tríd síos.	Scoileanna, an Óige agus Ceol le faisnéis a roinnt trí Mheáin Shóisialta BOOLI mar aon lena n-ardáin meán sóisialta féin.	Méadú ar an bhfeasacht maidir leis na meáin shóisialta.	Cuirtear eolas ó scoileanna, seirbhísí óige agus ceoil ar aghaidh chuig an BOOLI le go roinnfear ar na meáin shóisialta agus i nuachtlitreacha é.	100%
			Dul i dteagmháil le Stiúrthóir an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna maidir leis an gClár DEIS chuig Breisoideachas agus Breisoiliúint.	Bualadh le Stiúrthóir an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna chun plé a dhéanamh ar an gClár DEIS chuig Breisoideachas agus Breisoiliúint agus ar na tacaíochtaí is féidir le scoileanna a chur ar fáil.	Feasacht mhéadaithe maidir le soláthair Bhreisoideachais agus Breisoiliúna i BOOLI i measc scoláirí scoile.	Leanúnach. Suíonn Stiúrthóir na Scoileanna ar an gcoiste GFC.	40%
			An grúpa Comhordaitheoirí Treorach a chur i ngleic le seirbhísí Breisoideachais agus Breisoiliúna agus le seirbhísí óige in BOOLI.	Bualadh le Treoirchomhairleoirí agus le baill foirne Breisoideachais agus Breisoiliúna maidir le soláthar.	Feasacht mhéadaithe maidir le soláthair Bhreisoideachais agus Breisoiliúna i BOOLI i measc scoláirí scoile.	Treoir CoP bunaithe ag leibhéal na scoileanna. Naisc BOBO le tarlú i R1 2023.	50%
			Suíomhanna gréasáin scoile agus nasc chuig BOOLI a uasdátú.	Suíomhanna gréasáin scoile agus nasc chuig BOOLI a uasdátú.	Suíomhanna gréasáin agus naisc chuig BOOLI cothrom le dáta bunaithe.	Rinneadh gach suíomh gréasáin scoile a uasdátú, tá oiliúint curtha ar fáil agus tá siad trasnasctha le suíomh gréasáin BOOLI.	100%
			Idirchaidreamh a dhéanamh le hIonad Oiliúna Bhaile Átha Luain chun na háiseanna a thaispeáint do scoláirí iar-bhunscoile reatha i BOOLI.	Cruinniú de chuid fhóram na bpríomhoidí a óstáil in Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain. Idirchaidreamh a dhéanamh leis an mbainisteoir ionaid chun tionscadail féideartha a shainaithint le dul i ngleic leis na scoláirí agus chun béim a leagan ar an háiseanna atá ar fáil.	Feasacht mhéadaithe maidir le soláthair Bhreisoideachais agus Breisoiliúna i BOOLI i measc scoláirí scoile.	Reachtáladh cruinniú d'fhóram na bPríomhoidí in Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain ar an 15/03 áit ar tugadh cur i láthair do phríomhoidí scoile ar na cláir a bhí á dtairiscint ag Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain. Tugadh turas treoraithe ar an áitreabh dóibh freisin. Treoir CoP bunaithe. Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain le nascadh leis an ngrúpa i Ráithe 1 2023.	50%
			Áiríonn Music Generation an Longfoirt suaitheantas BOOLI i ngach cumarsáid agus clibeálann siad BOOLI i bpostálacha ar na meáin shóisialta.	Suaitheantas BOOLI le bheith i ngach postáil ar na meáin shóisialta agus i ngach ríomhphost.	Meáin Shóisialta go seachtainiúil agus ríomhphost míosúil.	Rinneadh postálacha ar na meáin shóisialta go laethúil agus eisíodh nuachtlitreacha agus podchraoltaí rialta.	100%
			Ionadaíocht a dhéanamh ar BOOLI ar struchtúir chomhairleacha agus ionadaíocha áitiúla agus réigiúnacha cuí.	Déantar ionadaíocht ar thuairimí earnálacha BOOLI, cuirtear in iúl iad agus bíonn tionchar acu ar phlé agus ar phleananna struchtúir chinnteoireachta áitiúla agus réigiúnacha.	An tOifigeach Forbartha Óige, Stiúrthóir na Scoileanna agus an tOifigeach Music Generation le bheith rannpháirteach leis na gníomhaireachtaí áitiúla agus réigiúnacha ar fad.	Suíonn Stiúrthóir na Scoileanna ar Fhóram Stiúrthóirí Scoileanna BOOÉ ag cruinnithe míosúla. Tá Stiúrthóir na Scoileanna ina bhall de ghrúpa stiúrtha um ghníomhú ar son na haeráide agus um inbhuanaitheacht BOOÉ. Tá Stiúrthóir na Scoileanna ina bhall de ghrúpa mapála ionchuimsitheachta RSO de chuid BOOÉ. Is baill den LMEP MG iad LMEP iad Stiúrthóir na Scoileanna, an tOifigeach Forbartha Óige agus an tOifigeach MG.	100%
		4.2 Rannpháirteachas páirtithe leasmhara a fheabhsú agus naisc a chothú le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.	Oibriú le scoileanna ag plé le tionscadail Erasmus.	Cruinnigh ar phríomhoidí scoile atá ag tabhairt faoi thionscadail Erasmus.	Tacaíocht do cheannaireacht scoile maidir le nascadh le tionscadail náisiúnta agus idirnáisiúnta.	Thaisteal BVS chun na Danmhairge. Thaisteal TCL chun na Fionlainne. Tá turais eile beartaithe do 2023.	100%
			Obair na scoileanna atá rannpháirteach i dtionscadail scoileanna Ildánacha a chur chun cinn.	Mír le plé ag fóram na bpríomhoidí.	Feasacht mhéadaithe ar thionscadail na scoileanna Ildánacha.	Tá 3 cinn de scoileanna BOOLI ag glacadh páirt i dtionscadail na scoileanna Ildánacha. Pléitear é seo ag cruinnithe fóram na bpríomhoidí do spreagadh smaointe.	100%
			Naisc a fhorbairt idir Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne agus scoileanna BOOLI.	Stiúrthóir na Scoileanna le bualadh leis an Oifigeach Rochtana Tionscadal maidir le tionscadail rannpháirtíochta.	Méadú ar an tacaíocht do scoláirí atá ag machnamh faoi fhreastal ar Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne.	Bhí comhdháil Cheannairí BOOLI ar siúl in Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne ar an 10/11. Gach dalta 6ú bliain i scoileanna DEIS ag baint leasa as, Studyclix, urraithe ag Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne.	100%
			Áiríonn Music Generation an Longfoirt lógónna gach comhpháirtí agus clibeálann siad iad i ngach postáil ar na meáin shóisialta chun rannpháirtíocht agus feasacht maidir leis an obair leanúnach a mhéadú.	Suaitheantais agus clibeanna na gcomhpháirtithe ábhartha le cur san áireamh sa chumarsáid.	Meáin Shóisialta go seachtainiúil agus ríomhphost míosúil.	Postálacha seachtainiúla ar na meáin shóisialta, nuachtlitir ráithiúil, preaseisiúintí chuig soláthraithe nuachta áitiúla, cuireadh chuig soláthraithe nua náisiúnta chun freastal ar imeachtaí.	100%

		Oibriú le hOifig Náisiúnta Music Generation agus le páirtithe leasmhara eile chun maoiniú leanúnach a dhaingniú le haghaidh Music Generation an Longfoirt.	Cruinnithe a reáchtáil leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun maoiniú a dhaingniú.	Maoiniú leanúnach daingnithe.	Maoiniú leanúnach daingnithe.	100%	
		Ionadaíocht a dhéanamh ar Earnáil na hOibre don Aos Óg agus ar BOOLI ar struchtúir chomhairleacha agus ionadaíocha áitiúla agus réigiúnacha.	Comhoibriú idirghníomhaireachta idir BOOLI agus gníomhaireachtaí na hearnála reachtúla agus deonaí a fhorbairt.	Déanfaidh an tOifigeach Forbartha Óige, Stiúrthóir na Scoileanna agus an tOifigeach Music Generation ionadaíocht ar BOOLI ar gach forbairt áitiúil agus réigiúnach.	D'fhreastail ar na cruinnithe seo a leanas: D'fhreastail ar na cruinnithe seo a leanas: 2 x Comhairle na nÓg na hIarmhí 2 x Comhairle na nÓg an Longfoirt 1 x Tusla 3 x Forbairt Pobail na hIarmhí 4 x RAPID - An Muileann gCearr 3 x RAPID - Baile Átha Luain 9 x MRDATF 9 x CFPÁ na hIarmhí 3 x Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí 2 x Éire Shláintiúil na hIarmhí 7 x Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga 1 x Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Longfoirt 1 x Imeacht Sábháilteachta ar Bhóithre na hIarmhí 1 x Imeacht Mórtais don Lucht Siúil Cuairt RLCMLÓ ar an BOOLI éascaithe agus 2 x thionscadal UBU	100%	
		Bainistiú a dhéanamh ar Choiste Oibre don Aos Óg BOOLI.	3-4 chruinniú de chuid an Choiste Oibre don Aos Óg a reáchtáil.	3-4 chruinniú de chuid an Choiste Oibre don Aos Óg a reáchtáil.	3 x Cruinniú den Choiste Oibre don Aos Óg 1 x cur i láthair do chruinniú BOOLI.	100%	
	4.3	Dul i ngleic le forbairt beartais náisiúnta, ag freagairt don fhorbairt sin agus ag tacú lena cur i bhfeidhm	Dul i ngleic le forbairt polasaithe agus tacú lena gcur i bhfeidhm de réir mar is cuí.	Dul i ngleic le BOOÉ agus le comhlachtaí náisiúnta i dtaca le forbairt polasaí. Áirítear cur i bhfeidhm polasaithe i gcruinnithe fhóram na bpríomhoidí.	Comhlíontacht i dtaca le polasaithe a forbraíodh.	Tá gach beartas iontrála, cosaint leanaí, frithbhulaíochta cothrom le dáta.	100%
		Ionadaíocht a dhéanamh ar na BOOnna agus tacú leo ag leibhéal náisiúnta. Mar bhall de Líonra Oibre don Aos Óg BOOÉ agus mar bhall de thoscaireacht BOOÉ don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.	Ionadaíocht á dhéanamh ar thuairimí BOOnna agus tionchar a bheith acu ar pholasaithe agus ar chleachtas náisiúnta i dtaca le hObair Óige.	Freastal ar chruinnithe agus imeachtaí Líonra Oibre don Aos Óg BOOÉ. Cur le forbairt freagraí agus seasaimh BOOÉ i dtaca le polasaithe (páipéir etc.) Cumarsáid rialta le comhghleacaithe in earnáil na mBOOnna.	4 x cruinnithe Líonra Oibre don Aos Óg. 5 x seisiún chomhairliúcháin BOOÉ 4 x chruinniú ráithiúil agus seisiún pleanála BOOÉ/DCEDIY. Teagmháil rialta déanta le comhghleacaithe maidir le cúrsaí agus forbairtí a bhaineann le beartas.	100%	
	4.4	Straitéis Cumarsáide seachtraí a chur i bhfeidhm.	Straitéis cumarsáide seachtraí BOOLI a fhorbairt.	Stiúrthóir na scoileanna le hoibriú leis an bhfoireann Soláthar Bogearraí ar Líne chun straitéis cumarsáide seachtraí a fhorbairt	Forbairt na straitéise a chur chun cinn.	Tugtha ar aghaidh chuig 2023.	%
		Oifigeach Riaracháin Music Generation an Longfoirt le straitéis chumarsáide chomhtháite a chur i bhfeidhm sna réimsí digiteacha agus clóite i gcaitheamh na bliana.	Déantar athbhreithniú ar straitéis chumarsáide agus cuirtear i bhfeidhm í.	Bunaíodh feachtas cumarsáide físiúil agus comhtháite.	Cumarsáid leanúnach ar fhorbairt clár, nuashonruithe, nuacht, agus fógra a roinntear ar ardáin meán sóisialta, na meáin áitiúil, agus ar sholáthraithe nuachta náisiúnta.	100%	

		4.5 Dul i dteagmháil go réamhghníomhach le gníomhaireachtaí agus fostóirí chun freagairtí nuálacha leanúnacha ar riachtanais oideachais agus eacnamaíochta reatha agus amach anseo a chinntiú.	Tá ar scoileanna deiseanna ábhartha taithí oibre a chur ar fáil do scoláirí trí dhul i dteagmháil le gníomhaireachtaí agus fostóirí áitiúla.	Pléadh soláthar taithí oibre ag cruinnithe fhóram na bpríomhoidí. Ní mór srianta Covid a mheas.	Taithí oibre a bhfuil fiúntas leis a chur ar fáil do scoláirí.	Cláir thaithí oibre rathúla san Idirbhliain, san Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus i nGairmchlár na hArdteistiméireachta curtha ar fáil i ngach scoil bainteach.	100%
			Plean Oibre don Aos Óg 2023 - 2027.	Plean Oibre don Aos Óg reatha a athbhreithniú (2019 - 2022).	Plean Oibre don Aos Óg 2023 - 2027 nua a fhorbairt.	Plean Oibre don Aos Óg 2023-2027 BOOLI nua curtha le chéile.	100%
	Tosaíocht 5 BOOLI	Sprioc BOOLI	Gníomh - Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Léiriú - Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Sprioc- Scoileanna, an Óige agus Music Generation	Sprioc 2022 Bainte Amach	%
	5. Inbhuanaitheacht Timpeallachta & Shóisialta a Fhorbairt	5.1 Cuspóirí náisiúnta a fhorbairt agus tacú lena mbaint amach mar is riachtanach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021.	Oibriú leis an aonad foirgneamh BOOLI chun spriocanna a fhorbairt le haghaidh scoileanna.	Riachtanais scoileanna a shainaithint i gcomhairle leis an aonad foirgneamh.	Stiúrthóir na Scoileanna le dul i ngleic le scoileanna maidir le seachadadh cuspóirí náisiúnta.	Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Inbhuanaitheacht bunaithe ag BOOÉ chun straitéis agus pleananna forfheidhmithe a chur ar fáil don réimse sin. Á fhorbairt faoi láthair ag BOOÉ. Suiteáladh méadair chliste i scoileanna agus oiliúint le cur ar fáil.	20%
			A chinntiú go bhfuil coistí fuinnimh bunaithe ag scoileanna.	Coistí fuinnimh bunaithe agus an oiliúint tosaigh curtha ar fáil.	Aithníonn scoileanna meicníochtaí coigilte fuinnimh.	Coistí fuinnimh bunaithe i 50% de scoileanna. Tá an chuid eile le bheith bunaithe i R1 2023.	40%
		5.2 Cláir oideachais agus oiliúna ábhartha a chur ar fáil chun freastal ar éilimh oideachais agus fostaíochta mar thoradh ar fhorbairt an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.	Ceannairí agus ceannródaithe scoile le hoiliúint a fháil mar chuid de chlár Take 1 le BOOÉ.	Ceannairí agus ceannródaithe scoile le dul i ngleic le clár Take 1 le BOOÉ.	Feasacht a ardú ag leibhéal na hiar-bhunscoile.	Fuair Príomhoidí agus Ionadaithe oiliúint ar an gclár Take 1 ar an 11/02. Ghlac scoileanna páirt san imeacht MAYDAY ar son na hinbhuanaitheachta. Mír ar an gclár ag cruinnithe fhóram na bpríomhoidí. Ghlac gach scoil páirt sa chlár Take 1 i mí na Samhna. Tá gach scoil ag dul i ngleic leis an gclár scoileanna glasa.	100%
		5.3 Foirgnimh reatha agus foirgnimh atá beartaithe a thabhairt suas go dtí na riachtanais inbhuanaitheachta éigeantacha	Stiúrthóir na scoileanna le dul i ngleic leis an aonad foirgneamh san BOOLI maidir le forbairtí nua agus forbairtí atá ann cheana.	Stiúrthóir na Scoileanna le freastal ar chruinnithe forbartha le haghaidh tionscadail fhaofa.	Stiúrthóir na Scoileanna le freastal ar chruinnithe forbartha le haghaidh tionscadail fhaofa.	Chuaigh Stiúrthóir na Scoileanna i dteagmháil le haonad foirgneamh do gach tionscadal faofa i gcrúinnithe ar an 11/01, 04/02, 11/02, 18/02, 07/04, 27/04, 13/05,17/06 10/08, 01/09, 12/10, 25/10, 28/10 & 17/11. Is ball é Stiúrthóir na Scoileanna den ghrúpa cumarsáide foirgneamh a tháinig le chéile ar an 20/06, 14/07, 14/09.	100%
		5.4 Inbhuanaitheacht chomhshaoil a mhéadú ar fud na heagraíochta trí phróiseas féinmheastóireachta chun eolas a mhéadú agus feasacht a fhorbairt maidir le torthaí a chur i ngníomh.	Próiseas Féinmheastóireachta a bhunú i scoileanna maidir le hinbhuanaitheacht.	Coistí fuinnimh le próiseas féinmheastóireachta a dhéanamh i scoileanna.	Aithníonn scoileanna réimsí chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht chomhshaoil trí athbhreithniú ar chleachtais reatha.	Méadrú cliste, béilí scoile, pacáistiú agus scoileanna glasa etc. Tá coiste Fuinnimh curtha ar bun ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear BOBO, a thacóidh le sonraí a bhailítear ónár líonra méadraithe cliste atá in situ agus i bhfeidhm.	50%
		5.5 Feasacht agus próisis maidir le soláthar Ghlas a fhorbairt.	Stiúrthóir na Scoileanna le hoibriú leis an roinn soláthair in BOOLI chun nuashonrú a dhéanamh ar phróisis soláthair chun freagairt don inbhuanaitheacht.	Athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta soláthair reatha i dtaca le ceannach meaisíní agus trealaimh.	Beidh an inbhuanaitheacht ina phríomhghné sna próisis soláthair.	Bhí Stiúrthóir na Scoileanna i mbun roinnt próiseas soláthair a léiríonn inbhuanaitheacht, lena n-áirítear gearrthóirí Léasair, clódóirí 3t & béilí Scoile.	100%
		5.6 Plean BOOLI a fhorbairt chun spriocanna nua 2030 a bhaint amach.					

Comhaontú Seachadadh Feidhmíochta 2022 Eagrúchán, Tacaíocht & Forbairt

Tosaíocht 1 BOOLI	Sprioc BOOLI	Gníomh Eagrúcháin, Tacaíochta & Forbartha	Feidhmíocht Eagrúcháin, Tacaíochta & Forbartha	Sprioc Eagrúcháin, Tacaíochta & Forbartha	Sprioc 2022 Bainte Amach	%
1. Eispéireas Múinteoireachta, Foghlama, Measúnachta, Forbartha agus Foghlaimeora ar ardchaighdeán a chur ar fáil.	1.1 Barr feabhais a chur ar eispéireas an fhoghlaimeora trí chultúr comhoibrithe a chur chun cinn ina dtugtar cluas éisteachta do ghuth na scoláirí, na bhfoghlaimeoirí, na foirne agus na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí agus ina gcuirtear an deis chun cinn le haghaidh a thabhairt ar an gcinnteoireacht laistigh de BOOLI.	Tacú le Breisoideachas agus le Breisoiliúint, Scoileanna, an Óige agus Ceol, chun eispéireas foghlama ardchaighdeáin a sheachadadh do chách.	Tacaíocht riaracháin agus oiliúna a chur ar fáil.	Tacaíocht riaracháin agus oiliúna.	Cruinnithe den Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta, a reáchtáiltear go seachtainiúil, áirítear athbhreithniú Straitéiseach, Oibríochtúil agus Beartais ar mhíreanna an chláir oibre. Tacaíocht leanúnach riaracháin agus oiliúna do scoileanna agus d'ionaid a sholáthraíonn ceannoifig i réimsí Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha agus Airgeadais. Cruinniú seachtainiúil APO.	100%
	1.2 Tacú le tionscnaimh a fhreastalaíonn ar riachtanais an chláir náisiúnta de réir mar a thagann siad chun cinn, rannpháirtíocht mhéadaithe, comhionannas agus ionchuimsiú a chur chun cinn.	Tacú le Breisoideachas agus Breisoiliúint, Scoileanna, an Óige agus Ceol.	Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do chách.	Tacaíocht riaracháin.	Tacaíocht leanúnach riaracháin do scoileanna agus ionaid a sholáthraíonn ceannoifig i réimsí Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha agus Airgeadais.	100%
	1.3 Déanfaidh ionaid agus scoileanna cultúr a chur chun cinn agus a leabú ina dtugtar deis dár bhfoghlaimeoirí agus scoláirí a barr a gcumais a bhaint amach.	Tacú leis an mBreisoideachas agus leis an mBreisoiliúint, Scoileanna, an Óige agus Ceol cultúr níos fearr a chur chun cinn.	Tacaíocht ábhartha a chur ar fáil mar is gá.	Tacaíocht ábhartha a chur ar fáil.	Leanann AD ar aghaidh ag athbhreithniú agus ag leasú modheolaíochtaí earcaíochta lena chinntiú go gcuirtear na múinteoirí agus na teagascóirí is fearr sa ról chomh luath agus is féidir.	100%
	1.4 Tacú lenár n-ionaid agus scoileanna chun próisis féinmheastóireachta dearbhú caighdeáin a leabú ar fud sheirbhísí BOOLI.	Tacú le Breisoideachas agus Breisoiliúint, Scoileanna, an Óige agus Ceol i dtaca le próisis féinmheastóireachta dearbhú caighdeáin a leabú i seirbhísí BOOLI tríd síos.	Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do chách.	Tacaíocht riaracháin.	Ghlac STFE páirt san Athbhreithniú Tionscnaimh Dearbhaithe Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus i gcruinniú athbhreithnithe leantach. Leanann an t-athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais. Tá córas nua faighte a dheimhneoidh go bhfuil polasaithe leabaithe leis an bhfoireann ar fad. Tá an próiseas QQI ag leanúint ar aghaidh agus lean Soláthar Bogearraí ar Líne ag tacú leis ag go leor leibhéal.	100%
	1.5 A chinntiú go dtugtar tús áite do shábháilteacht agus folláine gach scoláire agus foghlaimeora, go gcomhlíontar rialacháin agus treoirlínte go hiomlán, agus go léirítear Nósanna Imeachta um Chosaint Leanái.	Tacú leis an mBreisoideachas agus an Breisoiliúint, Scoileanna, an Óige agus Ceol agus a chinntiú go dtugtar tús áite do shábháilteacht agus d'fholláine gach scoláire agus gach foghlaimeoir.	Tacaíocht a chur ar fáil do chách.	Tacaíocht a chur ar fáil.	Cuireadh oiliúint ar fáil i nGarchabhair, Láimhsiú Sábháilte agus Cibearshlándáil. Ina theannta sin, tá tús curtha arís leis na hiniúchtaí ar an láthair le haghaidh RGCS. Tá an t-athbhreithniú leanúnach ar an riachtanas oiliúna agus Sláinte agus Sábháilteachta ar siúl agus tá plean curtha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt orthu seo a de réir a chéile. Leanadh le hoiliúint leanúnach a chur ar fáil maidir le láimhsiú sábháilte, garchabhair, cibearshlándáil agus RGCS. Tá traenáil beartaithe d'Oifigigh Dóiteáin srl.	80%

Tosaíocht 2 BOOLI	Sprioc BOOLI	Gníomh Eagrúcháin, Tacaíochta & Forbartha	Feidhmíocht Eagrúcháin, Tacaíochta & Forbartha	Sprioc Eagrúcháin, Tacaíochta & Forbartha	Sprioc 2022 Bainte Amach	%
2. Infreastruchtúr a fheabhsú ar fud BOOLI.	2.1 Foirgnimh agus áiseanna a chothabháil, a fheabhsú agus a leathnú chun cóiríocht oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí.	Clár cothabhála a ullmhú le haghaidh gach suíomh.	Comórtas soláthair chun na conraitheoirí ábhartha a cheapadh.	Conraitheoir a cheapadh.	Tá conradh cothabhála de na coirí agus na dóirí ar gach suíomh curtha i bhfeidhm. Tá Tionscadal Sócmhainní ag leanúint ar aghaidh le 7 Láithreán curtha i gcrích ag deireadh mhí na Nollag 2022.	100%
		Aighneachtaí i dtaca le háiseanna a fhairsingiú a ullmhú.	Líon na n-aighneachtaí.	10 suíomh le bheith forbartha.	Tá forbairtí móra ceadaithe ag na hocht scoil ar fad. Tá iarratas rathúil ar mhaoiniú SUIF ag an Ionad Oiliúna i mBaile Átha Luain agus tá dhá iarratas eile ar mhaoiniú SAR curtha isteach acu. Anuas air sin, tá cás gnó curtha isteach do Cheannoifig nua ar an Muileann gCearr.	100%
	2.2 Iniúchadh a dhéanamh ar leathnú seirbhísí BOOLI chun Pobalscoileanna Náisiúnta agus Coláistí Breisoideachais agus Breisoiliúna na Todhchaí a chur san áireamh.	Dul i ngleic leis na scoileanna ábhartha mar chuid den scéim athchumraithe phíolótach a d'fhógair an Aire i gcomhaontú leis an IEC le haghaidh scoileanna faoi phátrúnacht Easpaig Chaitliceacha, nó le pátrúin eile atá ag machnamh ar phátrúnacht a aistriú.	Líon na scoileanna / bpátrúnachtaí atá toilteanach dídhílsiú a phlé.	1 scoil le plé le haghaidh dídhílsithe.	D'éirigh linn a bheith mar an Pátrún rathúil sa chomórtas CNS a reáchtáil an Roinn Oideachais i mí na Samhna 2022. Cuirfear tús le Coláiste Breisoideachais agus Breisoiliúna na Todhchaí amháin mar gheall ar mhaoiniú a fháil go rathúil faoi SIUF do Champas Bhaile Átha Luain.	100%
